


Tuarascáil Bhliantúil 2007



Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Le haghaidh eolas eile:

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach,

16 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800

Glaó-Áitiúil: 1890 315 015

Facs: 01 858 5801

Ríomhphost: info@odce.ie

Suíomh Gréasáin: www.odce.ie

© Rialtas ns hÉireann, 2008

ISBN

Baile Átha Cliath:

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.

Le ceannach díreach on
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH.
(Tel: 01 647 6834/35/36/37; Fax: 01 672 5449)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €10.00



Foilsithe ar ábhar athchúrsáilaithe

Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	5
Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh	6
Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh	15
Aidhm 3: Sáruithe Braite d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh	21
Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha	26
Aidhm 5: Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	33
Conclúid	38
Aguisíní	39


Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar chomhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádan an Stiúirthóir an ceart caingeán chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2008

Focal Factory a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.



Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Brollach



De bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige don bhliain 2007 a thíolacadh do Mhícheál Martin T.D., an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Seo a leanas bhuaicphointí na bliana 2007 don OSFC rangaithe de réir gníomhaíocht phríomha:

Géilliúntas

- foireann na hOifige a bheith rannpháirteach ag níos mó ná 50 comhdháil, seimineár agus taispeántas ag cur géilliúntas i leith cheanglais dhlí na gcuideachtaí chun cinn;
- sraith fógraí náisiúnta a chraoladh ar an raidió den chéad uair ag tabhairt suntais do shaincheisteanna coitianta maidir le dlí na gcuideachtaí a thagann chun cinn i saol oibre stiúrthóirí cuideachta agus scairshealbhóirí;

Brath

- méadú suntasach (146%) i líon na ngearán a fuarthas maidir le rialú cuideachtaí bainistiú maoín sealbhais. Foilsíodh an Oifig Leabhrán Rialachais do na cuideachtaí sin i 2008 chun cúnaimh a thabhairt dóibh dul i ngleic leis na heasnamh a bhíonn ag cur as dóibh sa réimse;

Forfheidhmiú

- ciontú 28 gcuideachta, stiúrthóir agus daoine eile mar gheall ar shárúithe ceanglas dhlí na gcuideachtaí;
- dícháiliú 14 duine i ndiaidh imeachtaí OSFC san Ard-Chúirt;

Dócmhainneacht

- aghaidh á tabhairt ar bhonn leanúnach ar ghníomhaíochtaí den chineál athbheochana agus ar ghníomhaíochtaí eile cuideachtaí neamhleachtaithe dócmhainneacha. Bhain deich gcinn de na dícháilithe

thuasluaite leis an réimse sin, agus dícháillíodh stiúrthóir amháin ar feadh 12 bhliain, an tréimhse is faide a gearradh riamh in aon imeacht OSFC;

- srianadh ar 144 stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneachta. A bhformhór sin chuir an Ard-Chúirt faoi ordú srianta iad ar iarratas ó leachtaitheoirí de bhun na gceanglas a bhí orthu de réir dhlí na gcuideachtaí.

Seirbhísí Custaiméara

- seoladh suíomh idirlín nua na h-Oifige, ar a tháinig timpeall 150,000 cuairteoir

Ba é €4.38 milliún caiteachas na hOifige i 2007 (ardú de 30% ar an €3.36 milliún sa bhliain roimhe sin). Ba iad na harduithe ar chostais dhlíthiúla agus ar chostais ghairmiúla eile a bhaineann le hiniúchtaí agus le gníomhaireacht forfheidhmithe na hOifige ba chúis leis an gcuid is mó den ardú sin.

Táim buíoch as go bhfuil ceathair bhall foirne breise sainithe don Oifig i 2007 ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, agus tá siadsan anois ag iarraidh barr feabhais ó thaobh géilliúntais, dócmhainneachta agus forfheidhmithe de a chur ar obair na hOifige.

Táim sásta freisin le torthaí an taighde mhargaidh nua (a bhfuil achoimre déanta air sa Tuarascáil) inar tuairiscíodh leibhéil feabhsaithe géilliúntais i leith dhlí na gcuideachtaí le blianta beaga anuas agus inar léiríodh dearcadh níos fabhraí ar éifeachtúlacht na hOifige tríd is tríd.

Is éard is cúis leis na dea-thorthaí sin dúthracht agus obair chrua fhoireann OSFC a bhfuil éacht mór déanta acu ag feabhsú cháilíocht an chomhshaol forbartha fiontair le cúig bliana anuas. Chuidíonn iniúchóirí, leachtaitheoirí agus luchtanna gairmiúla eile freisin leis an gcuspóir sin a bhaint amach. In imeacht ama bíonn daoine ag éirí níos tuisceana ar an obair úsáideach seo agus tá an teachtaireacht ó thaobh géilliúntais agus forfheidhmithe á scaipeadh ar bhonn níos forleithne ar an lucht lena mbaineann.

Is mian liom a admháil an cúnaimh agus an tacaíocht leanúnach atá an tOireachtas, an Rialtas, na Cúirteanna agus na hAíre agus an fhoireann sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag tabhairt d'obair na hOifige. Tá súil agam go leanfaidh sin ar aghaidh agus go n-éireoidh linn caighdeán ghéilliúntais dhlíthiúla le hAchtanna na gCuideachtaí a fheabhsú a thuilleadh ar mhaithe le leas an phobail ina iomláine.

Paul Appleby

Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

31 Márta 2008

Réamhrá

Sainíonn Ráiteas Straitéise láithreach an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhfuil liostáilte anseo thíos mar aidhmeanna príomha an OSFC agus mar fho-aidhmeanna atá gaolta leo:

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

- Fo-Aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí na gCuideachtaí a Fhoilsiú
- Fo-Aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn
- Fo-Aidhm 1.3: Dlí na gCuideachtaí agus Cleachtais Chorparáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí a Nochtadh

- Fo-Aidhm 2.1: Socruithe um Nochtadh agus Tuairisciú a fhorbairt le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí
- Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint
- Fo-Aidhm 2.3: Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta a Thacú/Choimisiúnú

Aidhm 3: Sáruithe Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

- Fo-Aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a Fhorbairt
- Fo-Aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Nochta Achtanna na gCuideachtaí
- Fo-Aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe a Dhéanann Neamhshuim de Leasanna Cuideachta nó de Leasanna nach iad
- Fo-Aidhm 3.4: Caingean Dlí a Thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompair Mhíchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

- Fo-Aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad ag Comlónadh a nDualgas go Cuí
- Fo-Aidhm 4.2: Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhócmhainnigh a Mheas
- Fo-Aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompair Chalaóisigh nó Mhaslaigh

Aidhm 5: Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-Aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú
- Fo-Aidhm 5.2: Foireann a Fhorbairt
- Fo-Aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a chur chun cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar an dul chun cinn i 2007 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna seo.

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

Réamhrá

Threoraigh na gníomhartha a léiríodh i Straitéis Chumarsáide dár gcuid a cuireadh críoch léi go luath sa bhliain ghníomhaíochtaí Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmíú Corparáideach (OSFC) i 2007 chun géilliúntas a chur chun cinn. Bhí cuid mhaith den obair ghéilliúntais dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar minice ná mar is gnách a bhíonn easpa feasachta orthu maidir le dlí na gcuideachtaí. Chuaigh an méadú beag ar líon na foirne i rith na bliana 2007 chun tairbhe an Aonaid Ghéilliúntais agus cheadaigh dó fairsing a ligean ar an obair agus feabhas a chur ar acmhainn na hOifige chun déileáil le ceisteanna ó bhaill an phobail maidir le dlí na gcuideachtaí.

Fo-aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí na gCuideachtaí a Fhoilsiú

I rith na bliana d'fhoilsigh an Oifig cúig dhoiciméad idir thuarascálacha, fhógraí agus dhoiciméid eile. Tá siadsan ainmnithe in **Aguisín 1.1.1** a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

Fógraí Eolais

B'Fhógraí Eolais a bhí in dhá cheann de na cúig dhoiciméad a d'fhoilsigh an Oifig i 2007.

Sonraíodh sa chéad Fhógra Eolais¹ na cuideachtaí ar fuair an OSFC tuarascáil ina leith faoi Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí 2001 agus a bhfuil cinneadh scaoileadh iomlán nó scaoileadh “ag an am seo” a dheonú maidir leo eisithe i 2006. Is é cuspóir an Fhógra sin faisnéis a chur ar fáil do chreidiúnaithe agus do pháirtithe leasmhara eile chun gur fearr a bheidh siad in ann an baol a bhaineann le dul i mbun gnó le daoine ar féidir go raibh baint acu le cuideachtaí a loic san ama tá thart a mheas. Foilsítear sonraí maidir le cásanna “gan fhaoiseamh” nó “scaoileadh páirteach” i dTuarascálacha Bliantúla an OSFC i ndiaidh cásanna dá leithéid a bheith cinnte ag an Ard-Chúirt.²

Cíoradh sa dara Fógra Eolais³ na ceanglais dhlíthiúla nua a bheidh ar chuideachtaí maidir le sonraí cuideachta a nochtadh i gcumarsáid leictreonach agus ar shuímh idirlín dá gcuid. Cuspóir tábhachtach den reachtaíocht a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2007⁴ is ea a chinntiú, ar mhaithe le trédhearcacht, go bhfaighidh tomhaltóirí i gcumarsáid ó chuideachtaí sonraí sainithe áirithe a chuirfidh foins na cumarsáide in iúl dóibh. De réir na reachtaíochta beidh réim i ndáil le cumarsáid leictreonach cuideachta ag ceanglais áirithe maidir le nochtadh a bhfuil feidhm acu cheana féin i ndáil le cumarsáid pháipéarbhunaithe. Ar na sonraí cuideachta nach mór a nochtadh anois i gcumarsáid leictreonach áirítear:

- ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;
- ionad cláraithe na cuideachta agus an uimhir lena bhfuil sí cláraithe;
- seoladh oifig cláraithe na cuideachta;
- i gcás cuideachta atá saor ón gceanglas an focal ‘teoranta’ a úsáid mar chuid dá hainm, an fhír gur cuideachta teoranta atá inti;
- i gcás cuideachta atá á foirceannadh, an fhír gur cuideachta atá á foirceannadh;
- má dhéantar tagairt sa litir nó san fhoirm ordaithe do scairchaipítíl na cuideachta is don chaipítíl atá suibscríofa agus íochta a dhéantar tagairt.

Le cuideachtaí a chur faoi réir na hathruithe sin thosaigh an Oifig ar fheachtas poiblíochta ó mhí Feabhra 2007 i leith. Fógraíodh na ceanglais nua sa phreas náisiúnta agus cuireadh scríbhinní ón Oifig i roinnt alt sna meáin. Tá torthaí na hoibre a rinne an Oifig ina dhiaidh lena sheiceáil go raibh cuideachtaí ag comhlíonadh na gceanglas sin léirithe sa Chaibidil maidir le hAidhm 2 a thagann i ndiaidh seo ina bpléitear brath cionta i gcoinne dhlí na gcuideachtaí.

1 Fógra Eolais I/2007/1 – Tuarascálacha faoi Alt 56. De réir Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí tá dé de cheangal ar leachtaitheoir cuideachta dócmhainní tuairisc a chur chuig an OSFC faoi staid na cuideachta agus iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun srianadh a chur ar na stiúirthóirí uile mura scaoileann an OSFC ón oibleagáid sin é.

2 Tá na téarmaí ‘scaoileadh iomlán’, ‘scaoileadh ag an am seo’, ‘scaoileadh páirteach’ agus ‘gan scaoileadh’ mínithe i bhFógra I/2007/1. Féach freisin an Caibidil maidir le hAidhm 4 a thagann i ndiaidh seo sa Tuarascáil ina ndéileáiltear le cúrsaí dócmhainneachta corparáidí. Tá sna hAguisíní bainteacha 4.2.1, 4.2.2 agus 4.2.3 torthaí imeachtaí Ard-Chúirt 2007 a thionscain leachtaitheoirí i gcoinne stiúirthóirí cuideachtaí dócmhainneacha i ndiaidh chinneadh OSFC gan na leachtaitheoirí ábhartha a scaoileadh on oibleagáid reachtúil a bhí orthu imeachtaí srianta a thionscnamh de bhun Alt 56.

3 Fógra Eolais I/2007/2 – Nochtadh sonraí cuideachta i Ríomhchumarsáid agus ar Shuímh Idirlín.

4 Tá na ceanglais nua i Rialachán 9 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí), 1973 (IR 163 de 1973) arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007 (IR 49 de 2007).

Páipéar Comhairliúcháin faoi Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasán

Go deireanach i 2006, d'eisigh an Oifig Páipéar Comhairliúcháin agus Dréacht-Treorach maidir le Rialachas Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasán (CBUAanna).⁵ Rinneadh iarracht sa doiciméad cuimsitheach sin de nach mór 100 leathanach a gcuid dualgas agus oibleagáidí a chur in iúl do stiúrthóirí agus do chomhaltaí (úinéirí árasáin) na gcuideachtaí bainistíochta sin d'fhonn inbhuaine an fhoirm mhaireachtála nua-aimseartha seo a fheabhsú.

Tar éis an Páipéar Comhairliúcháin seo a lainseáil, thosaigh an Oifig ar fheachtas poiblíochta a ritheadh ar feadh an chéad chuid de 2007 agus a raibh sé d'aidhm aige cuireadh a thabhairt dóibh sin a bhí bainteach le cuideachtaí bainistíochta a gcuid tuairimí maidir leis an Dréacht-Treoir a nochtadh roimh an spriocdháta 30 Aibreán 2007. Ina iomláine fuair an Oifig 67 n-aighneacht de thoradh an chuiridh, arbh ó bhaill an phobail a tháinig cuid mhaith acu.

Cuireadh in iúl i bhformhór na n-aighneachtaí go rabhtas ag tacú le thionscnamh an OSFC agus nochtadh tuairimí fabhracha ar chaighdeán na Dréacht-Treorach. Moladh rialta amháin a rinneadh le linn an phróisis chomhairliúcháin ba ea gur ghá go mbeadh doiciméad achoimrithe ar fhorálacha bunáiteacha an Leabhráin ag gabháil leis an Leabhrán Treorach deiridh atá beartaithe. Ina theannta sin nocht go leor freagróirí tuairimí dearfacha maidir leis na leasuithe arna moladh ar an múnla de na hAirteagail Chomhlachais a bhí cuimsithe san fhoilseachán.

Ag deireadh na bliana 2007 bhí dul chun cinn déanta ag an Oifig maidir le forbairt an Leabhráin Rialachais agus an doiciméid achoimrithe a bhaineann leis atá beartaithe aige agus maidir le meastachán a dhéanamh ar na tuairimí forleathana a fuarthas isteach le linn an phróisis chomhairliúcháin.

“Cúrsaí Géilliúntais Chorporáidigh”

D'eisigh an OSFC agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) i gcomhpháirt lena chéile eagrán nua den nuachtlitir “Cúrsaí Géilliúntais Chorporáidigh” i Márta 2007. Seoladh an foilseachán sin amach go díreach go dtí seolta baile gach stiúrthóir cuideachta i mbunachar sonraí OCC, .i. chuig 230,000 stiúrthóir cuideachta ina n-iomláine. Is ann a bhí ceithre alt ón OSFC ag tabhairt suntais do:

- réimsí ab fhiú do stiúrthóirí cuideachta aird a dhíriú orthu i bhfianaise obair deireanach na hOifige i dtaca le forfheidhmiú agus le géilliúntas;
- fiúntas agus cuspóir coistí iniúchta;

- an Páipéar Comhairliúcháin agus an Dréacht-Threoir faoi CBUAanna; agus
- na ceanglais nochta nua atá ar ríomphoist agus ar shuímh idirlín cuideachtaí.

Foilseacháin Phleanáilte

Ag deireadh na bliana bhí tús curtha ag an Oifig le hobair ar dhá fhoilseachán nua. Is éard atá i gceist leis an gcéad tionscnamh leabhair a tháirgeadh i bhfoirm achoimrithe bhileoige le haghaidh Stiúrthóirí Cuideachta, Scairshealbhoirí, Creidiúnaithe, etc. Tá an foilseachán nua ceaptha bheith in úsáid ag taispeántais, ag comhdhálacha agus ag imeachtaí eile agus beidh sé ag feidhmiú go comhthreomhar leis na Leabhair Faisnéise atá ann agus a bheidh ar fáil i gcónaí ón Oifig againn. Beidh na bileoga á ndréachtú i dteannta leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh ionas go mbeifear in ann marc an Bhéarla Fhollasaigh a bhaint amach agus cuirfear a chomhionann de leagan as Gaeilge ar fáil freisin.

De bhreis air sin tá an Oifig ag ullmhú dréacht-threoir a bheidh dírithe ar stiúrthóirí agus ar infheisteoirí i gcuideachtaí a bhaineann sochar as an Scéim Méadaithe Gnó (SMG). Is ar na príomhcheisteanna i dtaobh dhlí na gcuideachtaí amháin a bheidh an treoir ag díriú, ceisteanna ar chóir go mbeadh daoine aonair bíodh siad ag infheistiú nó ag lorg infheistíochta tríd an SMG agus trí Scéim Síolchaipitil feasach fúthu. Eiseofar an doiciméad seo i dtosach mar Pháipéar Comhairliúcháin i lár na bliana 2008.

Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn

Obair Aighneachta

Go luath i 2007 thug an Oifig chun críche Straitéis Chumarsáide dhá bhliain a raibh sé d'aidhm aici feachtas maidir le géilliúntas a scaipeadh ar bhonn níos forleithne i measc lucht fiontar gnó agus sóisialta agus a gcuid chomhairleoirí. I rith na bliana bhuaill an Oifig faoi roinnt ghnéithe den Straitéis sin a chur i bhfeidhm. Mar shampla, lainseáil an Oifig suíomh idirlín athmhúnlaithé i 2007. Tá rannóg dar ceannteideal “Dlí na gCuideachtaí agus Tú” ar an suíomh idirlín nua a thugann aghaidh ar spriocghrúpaí sonracha a leithéid stiúrthóirí cuideachtaí, scairshealbhoirí agus leachtaitheoirí, d'fhonn rochtain na ndeighleoga sin margaidh uirthi a fheabhsú. Tá breis eolais ar fáil ar thréithe agus ar fheidhmíocht an tsuíomh idirlín nua sa chaibidil den Tuarascáil a thagann i ndiaidh seo a bhaineann le hAidhm 5 ina ndéileáiltear le forbairtí seirbhísí corparáideacha.

Is í príomhobair na hOifige i gcónaí agus í ag spreagadh dea-rialachas corparáideach seachadadh láithreoireachtaí ar fud na tíre do ghrúpaí stiúrthóirí cuideachta agus do pháirtithe

5 Páipéar Comhairliúcháin C/2006/2 – Dréacht-Treoir OSFC faoi Rialachas Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasáin (Nollaig 2006).

leasmhara fiontair a bhaineann leo. I 2007 rinne foireann na hOifige 45 láithreoiracht do bhreis is 3,100 duine. Tá liosta de na láithreoirachtaí sin in **Aguisín 1.2.1**. Áirítear ar thairbhíthe sonracha stiúirthóirí in earnáil na bhfiontar beaga agus meánmhéide agus mic léinn ghnó. Is é an sainchuspóir atá againn leo sin fiontraíthe agus ábhair fiontraíthe a spreagadh chun a gcuid ghnóthaí a chur chun cinn ar bhonn níos daingne ó thaobh géilliúntais de.

I rith na bliana d'fhreastail an Oifig ar sheacht gcinn de thaispeántais, de chomhdhála agus d'imeachtaí oscailte lae. Tá liosta na n-imeachtaí in **Aguisín 1.2.2**. Bhí foireann ón OSFC ar fáil chun dul i ndáil an lucht freastail, chun ár gcuid foilseachán a dháileadh amach agus chun ceisteanna um dhlí na gcuideachtaí a fhreagairt. Ar an dóigh sin tugadh deis do na mílte duine eolas maidir le saincheisteanna um dhlí na gcuideachtaí a bhailiú agus saincheisteanna i dtaobh géilliúntais a bhaineann leis an réimse a chur ar an bhfoireann. Is de thoradh ar roinnt fiosrúcháin a rinneadh ina dhiaidh sin a cuireadh gearáin fhoirmeálta chuig an Oifig i dtaca le cásanna ina raibh amhras faoi go raibh mainneachtain déanta i leith dhlí na gcuideachtaí.

Glacadh an leathfhocal "Get Informed" i 2007 agus tógadh suas é go raibh sé in úsáid i bhfógraíocht ábhartha uile na hOifige (féach **Léaráid 1.2.1** thíos). Tá an Oifig ag machnamh ar ghníomhaíocht phoiblíochta dá cuid atá bunaithe ar an téama sin a leathnú ag deireadh na bliana.

Léaráid 1.2.1: Sampla d'Fhógraíocht OSFC a úsáideadh i 2007

If you are a company director, shareholder or creditor then Company law is relevant to you

GET INFORMED!

Avoid the risk of breaching it and protect yourself from those who might.

Contact the ODCE
For free information on company law
www.odce.ie 1890 315 015

Office of the Director of Corporate Enforcement
Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

The ODCE - Creating a better environment for enterprise

Ina theannta sin mar chuid de Straitéis Chumarsáide an hOifige, d'ullmhaigh agus chraolcaoil an Oifig den chéad uair sraith fógraíochta ar an raidió náisiúnta a bhí dírithe ar thopaic is ábhair sainspéise do stiúirthóirí cuideachta agus do

scairshealbhóirí go háirithe. Scaoileadh amach ar an aer i dtosach iad i Nollaig 2007 agus scaoilfear in athuair iad agus iad leathnaithe b'fhéidir i 2008. Ar na topaic a clúdaíodh bhí:

- a thábhachtaí is atá sé go mbeadh stiúirthóirí eolach faoina ndualgais,
- na teorainneacha dlíthiúla ar úsáid phearsanta a bheith á baint as sócmhainní cuideachtaí ag stiúirthóirí cuideachta,
- an gá go mbeadh cóir á choinneáil mar is cuí ar chuntasaíocht chuideachta agus ar thaifid eile ag cuideachtaí, agus
- ceart scairshealbhóirí ar eolas maidir le feidhmíocht a gcuideachta, lena n-áirítear an ceart páirt a ghlacadh i gcruinnithe ginearálta bliantúla na cuideachta.

Fiosruithe ón bPobal

D'eisigh an Oifig thart ar 23,500 cóip d'fhoilseacháin éagsúla dá cuid i 2007. Dáileadh go leor acu sin ar stiúirthóirí cuideachtaí nua tríd an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ba mhéadú mór é sin i gcomparáid leis na 15,000 cóip a dáileadh i 2006.

Dhéileáil an Oifig ar bhonn leanúnach le cuimse ceisteanna maidir le dlí na gcuideachtaí ar ar an teileafón agus le ríomhphost chuig info@odce.ie a fuarthas iad den chuid is mó. Rinne an Oifig comhdhlúthú ar sheachadadh na seirbhíse seo do chustaiméirí laistigh d'Aonad Géilliúntais na hOifige i rith na bliana 2007 le cúnaimh ball foirne breise a sannadh don réimse agus chuir córais ar bun chun ceisteanna suntasacha a thomhas agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Sa ráithe dheireanach den bhliain, tugadh freagra meáite ar thart ar 150 ceist. Tá sampla de na fiosruithe a fuarthas ón bpobal agus ar dhéileáil an Oifig leo i 2007 i **Léaráid 1.2.2** a ghabhann leis seo.

Cé go bhfuil éagsúlacht na saincheisteanna maidir le dlí na gcuideachtaí ar thug an Oifig aghaidh orthu i 2007 léirithe sna fiosrúcháin sin, baineann go leor acu le CBUAanna agus le conspóidí ginearálta idir stiúirthóirí cuideachta. Ar an drochuair ní rabhamar in ann cúnaimh a thabhairt maidir le formhór na gceisteanna CBUA toisc nár bhain an t-ábhar le dlí na gcuideachtaí. I gcásanna iomchuí ba mhinic a moladh dóibh siúd a raibh fiosruithe á ndéanamh acu a gcuid deacrachtaí a chur faoi bhráid stiúirthóirí na cuideachta bainistithe nó an ghníomhaire bhainistithe a bhfuil conradh déanta leis freastal a dhéanamh ar an árasán nó ar an gcoimpléasc.

Cé go mbíonn an Oifig ag iarraidh déileáil le gach ceist maidir le dlí na gcuideachtaí a chuirtear uirthi trí chóipeanna dá cuid fhoilseachán nó trí eolas ginearálta eile ar cheanglais dhlí na gcuideachtaí a chur ar fáil, níl sí in ann comhairle dhlí ná comhairle ghairmiúil eile a bhaineann le deacracht an duine aonair a dháileadh agus ní dhéanann sí sin. I gcúinsí ina mbíonn comhfhreagrú ag iarraidh comhairle dá leithéid, molann an Oifig dóibh i gcónaí dul i gcomhairle le haturnae atá eolach faoi dhlí na gcuideachtaí nó le duine gairmiúil ábhartha eile.

Léaráid 1.2.2: Sampla de na Fiosruithe ón bPobal ar dhéileáil an Oifig leo i 2007

Bhí ball an phobail ag iarraidh a fháil amach an raibh sé ceadaithe do stiúrthóir cuideachta a chuir in iúl don chuideachta go raibh sé ag éirí as oifig a f(h)ógra scoir a chlárú go díreach leis an OCC, nuair a mhainnigh an chuideachta a f(h)ógra scoir a ghlacadh agus é a chur in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí.	Cuireadh an duine i dtreo Alt 195 (11A) agus (11B) de Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú ag Alt 47 de Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999) ina léirítear an próiseas ar gá cloí leis nuair is mian le duine a f(h)ógra scoir mar stiúrthóir a chur in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí.
Mhaigh duine aonair go raibh sí feasach faoi nach raibh líon áirithe de na cuideachtaí pobail/deonacha ag comhlíonadh cheanglais éagsúla dhlí na gcuideachtaí. D'fhiafraigh sí go sonrach arb amhlaidh gur cionta faoi Achtanna na gCuideachtaí a bhí ann i gcás mainneachtana cruinniú ginearálta bliantúil a thionól, i gcás mainneachtana miontuairiscí faoi chruinnithe a thaifeadadh agus i gcás mainneachtana clár cruinn agus iomlán comhaltaí a choinneáil.	Tugadh le fios don duine gur cion faoi achtanna na gcuideachtaí a bhí i ngach ceann de na mainneachtanaí a luadh. Shocraigh an Oifig go n-eiseofaí dhá chóip de na seacht gcinn de Leabhar ginearálta Eolais dá cuid faoi dhualgais stiúrthóirí cuideachtaí etc. don té a rinne an fiosrú.
D'fhiafraigh duine arb amhlaidh gurbh fhéidir le duine srianta bheith ina stiúrthóir ar chuideachta bhainistíochta a rinneadh mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta.	Tugadh le fios don duine go raibh cosc ar dhuine srianta gníomhú mar stiúrthóir ar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Ní féidir an fhoirm sin chuideachta a chaipitliú chun teacht leis na ceanglais reachtúla agus dá chionn sin a cheadú do dhuine srianta feidhmiú mar stiúrthóir uirthi.

Preasráitis, Faisnéisithe, agus Ceisteanna

D'eisigh an Oifig deich ráiteas preasa i 2007. Tá liosta iomlán de na ráitis phreasa ar fáil in **Aguisín 1.2.3**. Bhain na ráitis sin mar shampla le lainseáil Tuarascáil Bhliantúil na hOifige don bhliain 2006, agus tugadh chun suntais iontu freisin roinnt tograí géilliúntais. Ina theannta sin nuair ba ghá agus nuair ba chúil rinne an Stiúrthóir trácht ar thorthaí suntasacha gníomhaíochtaí forfheidhmithe agus ar chinntí Cúirte.

Déileáladh le níos mó ná 100 ceist phreasa i 2007 agus rinneadh iomrá ar obair na hOifige i réimse leathan de na meáin chlóite ar níos mó ná 300 ócáid. De bhreis air sin rinne foireann na hOifige roinnt agallamh leis na meáin i rith na bliana. Ina theannta sin scríobh an Oifig ailt i bhfoilseacháin ar shaincheisteanna cosúil leis na ceanglais nochta nua maidir le cumarsáid leictreonach chuideachta, le CBUAanna agus le hobair na hOifige i leith géilliúntais.

I rith na bliana rinne an Oifig infheistíocht i bpáirturraíocht san iris "Irish Director", foilseachán ráithiúil Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn, d'fhonn feasacht ar dhlí na gcuideachtaí a chothabháil i measc bhaill an eagrais sin. Mar chuid den urraíocht sin, bíonn ar a laghad alt amháin faoi obair na hOifige i ngach eagrán den iris sin.

Taighde Margadh

I dtreo dheireadh na bliana, choimisiúnaigh an Oifig breis taighde mhargaidh d'fhonn forléargas a fháil ar an gcomhshaoil géilliúntais i leith dhlí na gcuideachtaí agus ar fheidhmiú na hOifige maidir lena cuid feidhmeanna a chomhlíonadh.


Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch a chur i gcrích d'fhostaigh an Oifig Millward Brown IMS chun an taighde a dhéanamh.

B'ionann a bheag nó a mhór an cur chuige a rinneadh i 2007 agus an cleachtadh deireanach a rinneadh i 2005. Chuathas i dteagmháil le 299 stiúrthóir cuideachta, le 100 cuntasóir agus le 41 leachtaitheoir (440 freagróir ina n-iomláine) i rith na míonna Samhain/Nollaig 2007 agus cuireadh sraith cheisteanna orthu maidir lena dtuiscint ar dhlí na gcuideachtaí agus ar an Oifig, maidir lena dtuairimí ar ghéilliúntas le dlí na gcuideachtaí go ginearálta, agus má bhain sé le hábhar maidir leis an taithí a bhí faighte acu ó bheith ag déileáil leis an Oifig. Rinneadh agallamh le roinnt páirtithe leasmhara tábhachtacha sna hearnálacha gnó agus gairmiúla agus sna meáin ar bhun duine ar dhuine chun aiseolas níos mine maidir le géilliúntas le dlí na gcuideachtaí agus maidir le obair na hOifige a fháil. Sa deireadh thiar iarradh a gcuid tuairimí maidir leis an gcaighdeán géilliúntais chorparáidigh le dlí na gcuideachtaí agus maidir le ceanglais eile dlí ar ghrúpa samplach de 1,000 ball den phobal i gcoitinne i gcaitheamh mí Dheireadh Fómhair 2007.

I ndearcadh na hOifige b'fhíordhearbhach torthaí an taighde seo. Mar is léir ó **Léaráid 1.2.3** a leanas tá feasacht ar an Oifig agus ar a cuid feidhmeanna ag méadú i gcónaí i measc stiúrthóirí cuideachta agus ag an bpointe seo táthar 73% atá feasach fúithi, agus tá ardú go 84% ar an líon sin i gcás stiúrthóirí cuideachtaí móra.

Léaráid 1.2.3: Taighde Margaidh OSFC 2007

Eolach ar OSFC




C. Cé mhéid eolas atá agat faoi Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmíú Corparáideach, nó OSFC, agus a fheidhmeanna?

Nuair a taispeánadh dóibh, mar chuid den taighde, feidhmeanna is féidir a bheith ag an OSFC agus nuair a fiafraíodh díobh cé acu díobh sin ba ról príomha na hOifige, shainigh 60% de na 299 stiúrthóir cuideachta an obair a dhéanann sí chun géilliúntas le ceanglais dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. I gcomparáid leis sin, níor shainigh ach 12% díobh pionós a ghearradh ar stiúrthóirí cuideachta de bharr neamhghéilliúntais mar phríomhról na hOifige. Is cúis mhisnigh don Stiúrthóir an toradh sin toisc gur bh é an cuspóir a bhí aige le blianta beaga anuas gné an ghéilliúntais de shainchúram na hOifige a chur chun cinn.

Mar atá léirithe i Léaráid 1.2.4 a leanas, iarradh ar na 440 freagróirí a dtuairimí a nochtadh faoin athrú sa cháilíocht ar chomhshaol an ghéilliúntais i leith dhlí na gcuideachtaí le cúig bliana anuas. Bhí 85% de na stiúrthóirí den tuairim go raibh feabhas tagtha ar ghéilliúntas le cúig bliana anuas, ardú de 11% ar an toradh a fuarthas tar éis a chomhionann deireanach de thaighde a rinneadh i 2005. Agus chuir na cuntasóirí agus na leachtaitheoirí uile 141 díobh ina n-iomláine in iúl gur chreid siad go raibh an ghéilliúntas feabhsaithe!

Léaráid 1.2.4: Taighde Margaidh OSFC 2007

Athrú Leibhéal Comhlíonadh



Q. I do thuairim, an bhfuil leibhéal comhlíonadh le Dlí Cuideachta in Éirinn i rith an 5 bliain anuas méadaithe, laghdaithe, nó ina stad?

Sa vótaíocht a rinne le 1,000 ball den phobail, vótáil 52% gur maith a bhí a gcuid oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí comhlíonta ag cuideachtaí. Ardú beag freisin a bhí ansin i gcomórtas leis an toradh de 50% a fuarthas sa taighde a rinneadh roimhe sin i 2005.

Fo-aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais a Bhaineann leis a Fheabhsú

Aighneachtaí agus Scríbhinní i leith Polasaí – Ginearálta

I 2007 rinne an Oifig roinnt aighneachtaí polasaí maidir le dlí na gcuideachtaí agus le saincheisteanna gaolmhara. Orthu sin bhí scríbhinní chuig:

- an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta (RFTF) i gcomhthéacs a Ráitis Straitéise nua;
- an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta (GADC) mar chuid dá Chlár Oibre don bhliain 2007;
- an gCoimisiun um Athchóiriú an Dlí (CAD) mar fhreagra ar a Pháipéar Comhairliúcháin faoi Fhorbairtí Ilaonaid agus Ionpháirteacht i gConradh Cearta Tríú Páirtí;
- Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Dréacht-threoirilínte d'Árasáin Nua Inbhuanaithe;
- Pháipéir Chomhairliúcháin Choimisiún na hEorpa maidir le Simpliú Dhlí na gCuideachtaí agus le Dliteanas Iniúcháin;
- Financial Reporting Council (FRC) sa Ríocht Aontaithe mar fhreagra ar a Pháipéar ag cur Caighdeán Iniúchta chun cinn;
- an International Association of Insolvency Regulators maidir le cláir leanúnacha agus cláir thodhchaíoch dá chuid a bhaineann le tograí taighde i réimse na dócmhainneachta.

Ráiteas Straitéise RFTF

D'fhorbair an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta ráiteas straitéise nua i rith na bliana 2007 agus d'fhreagair an Oifig do chuireadh a tuairim a thabhairt ar ábhar an Dréachtráitis. Ina cuid tuairimí molann an Oifig go láidir faoi chuimse an Ráiteas Straitéise aitheantas a thabhairt d'fhiúntas rialacháin chun margaidh a oibríonn go breá agus go hordúil a chur chun cinn. Luaigh an OSFC gur thacaigh sí le freacnairciú agus le comhtháthú dhlí na gcuideachtaí ach gur mhian léi gur ar rialachán níos fearr a mbeifí dírithe, rud nach gá gurb ionann é agus níos lú rialacháin. I réimse dhlí na gcuideachtaí mar shampla b'éifeachtúla caighdeáin feabhsaithe rialacháin i dtaca le géilliúntas dlíthiúil a fheabhsú, rud a chuaigh chun sochair an mhargaidh tríd is tríd. Baineadh amach torthaí dearfacha cosúil leis sin i réimsí rialacháin eile. Ghlac RFTF leis na tuairimí sin le linn di an Ráiteas Straitéise a thabhairt chun críche.

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta

Mar chomhalta de GADC ghlac an Stiúrthóir, le taca ó chúigear dá chomhghleacaithe san OSFC, páirt ina gclár oibre tréanfheidhmiúil i 2007. Rinne an Stiúrthóir le cúnaimh ó thriúr dá chomhghleacaithe cathaoirleacht ar an gCoiste um Shaincheisteanna Coiriúlachta agus Forfheidhmithe a fhad is a bhí tri bhall foirne ag déanamh ionadaíochta ar son na hOifige ar thrí Choiste eile a dhéileáil faoi seach le cúrsaí dar ceanteidil Clárú agus Ionchorprú, Iniúcháin agus Ráitis Airgeadais agus Freacnairciú le haghaidh Iomaíochta.

Cé gur ábhar suime don OSFC níos mó ná leath den 25 rudaí ar chlár oibre GADC, ba mholtaí an OSFC i leith athrú reachtaíochta a bhí i gceithre cinn acu. Moladh iadsan don Roinn i dtosach i 2006 mar rudaí ab fhéidir a chur sa Bhille a achtaíodh mar an tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006. Pléadh ceithre mholadh an OSFC:

- creat gealltanais toilithe a thabhairt isteach le haghaidh imeachtaí srianta agus dícháilithe neamhchonspóidithe⁶;
- comhtháthú, faoi chuimse sraith amháin imeachtaí, den iliomad ionchúiseamh cuideachtaí, stiúrthóirí agus/nó daoine eile nuair atá siad bunaithe ar an tsraith chéanna firici⁷;
- toimhde infhrisnéise a chur i bhforáil an chiona a bhaineann le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí (Alt 40 de Acht na gCuideachtaí 1990), d'fhonn an dualgas cruthúnais ró-ard a bhaineann léi a mhaolú;
- fíorú theidlíocht cuideachta áis a bhaint as díolúine ó iniúchadh dá bhforáiltear in Alt 32 de Acht na gCuideachtaí Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999.

Ar an drochuair ní dhearna GADC moltaí dearfacha ach i gcás an chéad dá cheann de na moltaí thuasluaite nuair a cuireadh deireadh lena chuid oibre don bhliain 2007. Tá Tuarascáil GADC na bliana 2007 ar fáil ar a shuíomh idirlín ag www.clrg.org.

Thug an Coiste um Shaincheisteanna Coiriúlachta agus Forfheidhmithe aghaidh ar inmhianaitheacht foráil maidir le meon macánta (“whistle-blowing” mar is fearr aithne air) a bheith i ndlí cuideachta na hÉireann. Tháinig an moladh sin ó Comhdhail na gCeardchumann i ndiaidh chinneadh foirmeálta an Rialtais i 2006 go ndéanfadh Airí iniúchadh

6 Ba leasú togra an OSFC ar fhoráil nua a cuireadh ag Ceannteideal 51 de Chuid A13 den Bhille Comhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí a bhfuil cóip de ar fáil ag www.clrg.org.

7 Ba leasú ar Alt 240A d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna chur isteach ag Alt 105 den Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí 2001) agus de Cheann 53 de Chuid A13 den Bhille Comhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí arna fhoilsiú a bhfuil cóip de ar fáil ag www.clrg.org.

ar bhonn earnála féachaint ar chóir foráil dá leithéid a bheith i reachtaíocht Rialtais a bhí le foilsíú. In ainneoin obair náisiúnta agus idirnáisiúnta shubstainteach an Choiste agus Plépháipéar mionsonraithe OSFC ar an ábhar a cuireadh i dtoll a chéile ina dhiaidh sin, chinn an GADC i dTuarascáil dá chuid don bhliain 2007 gan a mholadh go gcuirfí foráil maidir le meon macánta i ndlí cuideachta na hÉireann.

In ainneoin sin, chinn GADC gur doiciméad substaintiúil agus fiúntach a bhí i bPlépháipéar OSFC arbh fhiú a fhoilsíú ar a shuíomh idirlín féin toisc gur ábhar suime a bheadh ann do Ranna eile Rialtais le linn dóibh breithniú a dhéanamh faoi fhorálacha tuairisce den chineál meon macánta a thabhairt isteach i reachtaíocht arna pleanáil faoina choimirce. Tá cóip de Phlépháipéar OSFC ina moltar foráil teoranta maidir le meon macánta a chur i ndlí cuideachta na hÉireann foilsithe mar dhoiciméad comhghabhálach a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil seo ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie.

Páipéir Chomhairliúcháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

I Samhain 2006 d'eisigh CAD Páipéar Chomhairliúcháin faoi Ionpháirteacht i gConradh: Cearta Tríú Páirtí⁸. I 2007 chuir OSFC aighneacht chuig CAD inar dúradh gur chúis bhuartha di nár mhóide gurbh fhéidir cearta tríú páirtí uilechoitinn a thabhairt leis an gceat dlíthiúil a bhí ann faoi láthair le haghaidh dócmhainneachtaí corparáideacha agus eile. Dá mbeadh airgead amuigh ar chonraitheoir ag cuideachta faoi leachtú, mar shampla, agus dá dtabharfaí ceart forfheidhmithe tríú páirtí d'fhochonraitheoirí a raibh luach a shaothair gan bheith íoctha d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an leachtaitheoir aghaidh a thabhairt ar an iliomad imeachtaí dá bharr i gcúinsí inarbh inmhianaithe ar chúiseanna eacnamúla agus polasaí poiblí an costas a bhaineann le himeachtaí dá leithéid a sheachaint. Dá réir sin mhol OSFC inter alia go ndéanfadh CAD machnamh maidir le dócmhainneachtaí agus nósanna imeachta tarrthála a leithéidí imscrúdaitheoirí a dhíolmhú ó mholtaí ginearálta a dhéanfadh sé sa réimse. Tá an cheist fós á breithniú ag CAD.

I Nollaig 2006, d'eisigh CAD Páipéar Chomhairliúcháin faoi Fhorbairtí Ilaonaid⁹. Mar fhreagra ar an bpáipéar, rinne OSFC tráchtanna éagsúla agus thug moltaí maidir le struchtúir dhlíthiúla agus oibríochtúla reatha na CBUAanna agus maidir le forbairtí dá leithéid. Orthu sin áirítear iadsan a leanas:

- ní raibh an cas ar son rialtóir lántiomnaithe sa réimse áititheach a dhóthain dar le OSFC ach dá gcruthófaí a leithéid ba chóir go n-oibreodh sé ar ardleibhéal amháin;
- bhí athbhreithniú cuimsitheach ar na comhaontuithe dlíthiúla agus ar na forálacha caighdeánacha reatha de dhíth toisc nár léirigh siad in go leor cásanna oibríúcháin iarbhrí na CBUAanna i ndiaidh dhíolachán na n-árasán;
- bhí forálacha tarrthála ag teastáil go géar chun déileáil le díscáileadh na CBUAanna agus le fadhbanna tromchúiseacha eile a bhí ag eascairt as obair neamhdhóthanach chothabhála ar fhorbairtí árasán;
- ba chóir go bhfaigheadh cónaitheoirí agus cónaitheoirí ionchasacha níos mó faisnéise airgeadais agus eile maidir le rialachas agus le feidhmíocht CBUA le go mbeadh sé níos éasca orthu cinneadh a dhéanamh;
- ba chóir go bhfaigheadh gach CBUA maoiniú ó thús trí leithroinnt de 10% de phraghas ceannaithe gach árasáin a thabhairt don chuideachta. Íocfaí sin ar deireadh thiar don fhorbreoir nuair a dhílseofaí limistéir choitianta na forbraíochta árasáin don CBUA agus mar chomaoin dó sin. Cheadódh sin don CBUA freisin aon chostais dhlíthiúla nó eile a bheadh air roimh aistriú an limistéir choitianta a mhaoiniú agus ghníomhódh sé mar dhreasacht d'fhorbróirí an t-aistriú a bhrostit.

I ndiaidh fhoilseachán an Pháipéir Chomhairliúcháin bhunaigh an Rialtais Coiste Idir-Ranna Ardleibhéal, ina raibh ionadaithe ó na Ranna agus ó na hOifigí ábhartha chun cuidiú le freagairt chomtháite agus chuimsitheach reachtúla ar na ceisteanna a bhí sainithe a chur chun cinn. Tugadh cuireadh don OSFC freastal ar an gcoiste atá faoi chathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ghlac ionadaí OSFC páirt i bplé an Choiste i 2007.

Treoirínte Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le hÁrasáin Nua Inbhuanaithe

Chuir OSFC aighneacht ghearr chuig Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir lena Dréacht-threoirínte d'Árasáin Nua Inbhuanaithe. Is i dtaobh struchtúr na CBUAanna amháin a rinneamar trácht agus mholamar go ndéanfadh na húdaráis phleanála machnamh ar mhaithe le hinbhuanaithe ar na struchtúir rialachais le haghaidh forbairtí árasáin a bhí molta nuair a rabhthas ag iarraidh cead phleanála.

8 Tá cóip de Pháipéar Chomhairliúcháin 40-2006 de chuid CAD ar fáil ag www.lawreform.ie.

9 Tá cóip de Pháipéar Chomhairliúcháin 42-2006 de chuid CAD ar fáil ag www.lawreform.ie.

Páipéir Chomhairliúcháin Choimisiún na hEorpa

Scríobh OSFC freagra tríd an GADC ar Pháipéir Chomhairliúcháin Choimisiún na hEorpa maidir le simpliú Dhlí na gCuideachtaí. Rinne an Oifig trácht sa scríbhinn ar an tionchar ollmhór a bheadh in Éirinn ag na moltaí oibleagáidí tuairiscithe ar ghnóthaí beaga a laghdú nó a chur ar neamhní siocair an líon mór cuideachtaí a rangáítear san earnáil sin. Dúirt an Oifig gur acmhainn thábhachtach do ghnóthaí agus do thomhaltóirí atá san fhaisnéis a chláraíonn cuideachtaí leis an OCC chun an baol a bhaineann le dul i mbun idirbheartaíochta le cuideachtaí a mheas. Ní chuideodh aon laghdú ar mhéid nó ar chaighdeán na faisnéise sin le cinnti feasacha a dhéanamh i margadh iomarcaíochta. I gcásanna áirithe mar atá an rogha a bhíonn ag gnóthaí beaga áirithe leagan giorraithe dá gcuntas a chlárú, tá úsáid an rogha ag tarraingt costas breise gnó cheana féin.

D'eisigh Coimisiún na hEorpa páipéar faoi dhliteanas iniúchóirí agus faoin tionchar atá aige ar Mhargaidh Chaipitil na hEorpa freisin. Chuir an Oifig in iúl go raibh sí ag tabhairt tacaíocht don choincheap dliteanas iniúcháir a theorannú ach rinne trácht ar na deacrachtaí a bhainfidh leis sin a chur i ngníomh go praiticiúil. Thug sí tacaíocht chosanta do choincheap an dliteanas theoranta idirbheartaithe le forbheathnú áirithe cúirte ach chomhairligh gurbh fhéidir leis an gcur chuige sin dúshlán bunreachtúla a tharraingt.

Páipéar an Financial Reporting Council faoi Chaighdeán Iniúchta a chur chun cinn

Mar fhreagra ar Pháipéar an FRC maidir le Caighdeán Iniúchta a chur chun cinn chuir OSFC in iúl, in ainneoin fheidhmíocht shásúil na gairme den mhórchuid mhór, go raibh sí buartha faoi chaighdeán roinnt tuarascálacha iniúchta agus faoin eolas neamhdhóthanach a bhí ag méid beag iniúchóirí ar na forálacha i ndlí na gcuideachtaí a bhain leo. De réir a taithí bhain sin go háirithe le cleachtais bheaga rud a thug le tuiscint go raibh an t-oideachas leanúnach gairmiúil easnamhach agus nár mhór aghaidh a thabhairt air sin.

Maidir le coistí iniúchta tharraing an Oifig aird ar reachtaíocht deireanach na hÉireann agus thug a tuairim go bhféadfadh sin cabhrú le forbairt FRC amach anseo.

International Association of Insolvency Regulators (IAIR)

Mar rud a bhain le ballraíocht leanúnach OSFC in IAIR, chuidigh an Oifig le dhá thogra taighde i 2007 a bhain le cearta fostaithe i ndócmhainneachtaí corparáideacha agus leis na táillí agus na costais a bhí na rialaitheoirí dócmhainneachta ag gearradh. Is iad na comhaltaí ón gconaidhm Rúiseach agus Ceanadach faoi seach a bhí i gceannas na dtograí sin. Tá na páipéir taighde uile a fhoilsíonn an IAIR ar fáil ar a shuíomh idirlín ag www.insolvencyreg.org.

Ghlac an Stiúrthóir páirt i gComhdháil Bhliantúil an IAIR i mBangkok i mí Meán Fómhair 2007. D'aontaigh an Chomhdháil roimh Chomhdháil 2008 tabhairt faoi dhá thogra OSFC le haghaidh tograí taighde a dhéilealfadh le:

- comhroinnt faisnéise i measc chomhaltaí IAIR a fheabhsú i dtaca leis an rialú a bhí siad ag déanamh ar chúrsaí dócmhainneachta pearsanta agus corparáideacha, agus
- aitheantas frithpháirteach do phionóis a gearradh i ndlínsí comhaltaí IAIR.

Tabharfar faoin gcéad cheann de na tograí taighde sin i gcomhar le hOifig an Superintendent of Bankruptcy i gCeanada a bhfuil suim faoi leith aici i mbunú polasaithe dlínsí comhaltaí IAIR maidir le nochtadh sonraí dócmhainneachta mar chuid dá sainchúraimí maoirseoireachta.

Athbheithniú Piaráí an ECFE ar Chomhdháil um Breabaireacht

I dTuarascáil an OSFC do 2006 rinne tagairt don Chomhdháil um Chomhrac Breabaireachta na n-Oifigeach Poiblí Eachtrannacha in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta (1997). Mar pháirtí den Chomhdháil sin, déanann an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)¹⁰ monatóireacht go tráthrialta ar ghéilliúntas na hÉireann i leith a téarmaí. I Márta 2007, foilsíodh an tuarascáil meastacháin ECFE is deireanaí faoi chur i bhfeidhm na Comhdhála ag Éirinn tar éis breithniú a dhéanamh ar an ábhar a bhí ann ag cruinniú iomlánach Ghrúpa Oibre an ECFE um Chomhrac Breabaireachta in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a raibh ionadaithe ó OSFC ag freastail air. I dtaca le cur i bhfeidhm a cuid oibleagáidí faoin gComhdháil ag Éire, bhunaigh an Rialtas Coiste Géilliúntais Oifigeach Sinsearach a 2007 agus tá ball foirne ón OSFC ag freastail ar an gCoiste sin.

¹⁰ Tá eolas faoin gComhdháil ar fáil ó www.oecd.org.

Tá tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar fáil ar shuíomh idirlín OSFC.¹¹ Cé nach bhfuil baint díreach le forfeidhmíú dhlí na gcuideachtaí ag an gcion coiriúil is breabaireacht ann, bhí OSFC sásta gur cuireadh fáilte i dtuarascáil ECFE le bunú na hOifige agus lena gníomhaíocht chun dlí na gcuideachtaí a fhorfeidhmíú go héifeachtúil i gcoinne cionta cuntasáíochta. Admhaíodh freisin sa Tuarascáil go neartaíonn leasuithe a rinneadh le deireanas i réimse dhlí na gcuideachtaí caighdeáin iniúchta agus chuntasáíochta agus gur ceart go gceadódh siad forfeidhmíú níos éifeachtúla maidir le cionta cuntasáíochta coimhdeach le breabaireacht eachtrannach.

Cás CBE faoi Aistriú Oifig Chláraithe Chuideachta

Rinneadh tagairt i dTuarascáil Bhliantúil OSFC 2006 do chion na hOifige san ullmhúchán a rinne Oifigí an Ard-Aighne agus an Ard-Atúrnae Stáit do Bhreathnuithe Scríofa na hÉireann chuig an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (CBE) i gCás C-210/06 Cartesio Oktató és Szolgáltató Betéti Társaság. D'éist CBE an cás i mí Iúil 2007 agus bhíothas fós ag fanacht le tuairim Abhcóide Ginearálta na Cúirte (an céim roimh sheachadadh deiridh na Cúirte í) ag deireadh na bliana.

Cuairt Mhinistreach Ceartais an Eastóin

Ar iarratas ón Justiits Ministerium san Eastóin atá freagrach as rialú dócmhainneachtaí corparáideacha agus pearsanta, bhí OSFC ina óstach do chruinniú i mBaile Átha Cliath i mBealtaine i 2007 ina ndearnadh faisnéisiú do thoscaireacht Eastónach faoi OSFC agus faoi reachtaíocht agus rialachán na hÉireann i leith cúrsaí dócmhainneachta.

NSAI – ISO 26000 agus Freagracht Shóisialta

Rinne Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) a cuid oibre ar bhonn leanúnach chun caighdeán domhanda i réimse na Freagrachta Sóisialta Corparádaí i 2007 a chur chun cinn. Chuaigh an togra mór casta sin ar aghaidh níos moille ná mar a bhí súil leis i dtosach. Mar bhall de Coiste Scatháin na hÉireann ar cúram di obair ISO a athbhreithniú ar son an Stáit bhí súil á coinneáil ar an dul chun cinn ag OSFC. Casadh an Coiste Scatháin, faoi bhainistíocht an Údarais um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar a chéile uair amháin i 2007.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann (UMICE)

Tá an Stiúrthóir ina chomhalta ar Bhord UMICE agus freastalaíonn sé freisin ar Choiste Luacha Saothair an Bhoird. Chuidigh an Stiúrthóir le hobair an Údarais i rith na bliana san dá cháiil. Beidh cóip de Thuarascáil UMICE na bhliana 2007 ar fáil ó lár na bliana 2008 ar aghaidh ar a shuíomh idirlín ag www.iaasa.ie.

Conclúid

Cuireann torthaí an taighde mhargaidh deireanach in iúl go soiléir go bhfuil rath ar iarrachtaí OSFC feabhas leanúnach margaidh a bhaint amach i dtaca leis an gcaighdeán géilliúntais i leith fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí. Leanfaidh an Oifig le cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide reatha le súil go sroichfidh sí go háirithe an lear mór daoine atá gafa le fiontraíochtaí gnó agus sóisialta agus ar gá go mbeadh siad eolach faoi bhuncheanglais dhlí na gcuideachtaí ionas go mbeidh siad in ann gnóthaí inbhuanaithe a thógáil.

¹¹ Féach www.oecd.org/dataoecd/27/45/38322693.pdf.

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh

Réamhrá

Tá na forálacha in Achtanna na gCuideachtaí ceaptha cruthúnas frontar folláine gnó agus sóisialta a éascú agus sa chomhthéacs sin cothromaíocht chothromasach maidir le dualgais pháirtithe leasmhara cuideachta (stiúrthóirí cuideachta, scairshealbhóirí, creidiúnaithe, etc.) dá chéile a bhaint amach. Má bhíonn duine nó níos mó de pháirtithe leasmhara na cuideachta míshásta le feidhmíocht na cuideachta féadfaidh siad dul i muinín an dlí chun a chur faoi deara na bpáirtithe leasmhara atá i gceist cuntas a thabhairt. Má tá sárú dlí i gceist agus má dhéantar gearán nó má chuirtear tuairisc chuig an Oifig seo, tá sé tábhachtach go bhfiosrófaí an mhainneachtain arna líomhain agus más chuí go réiteofaí í nó go ngearrfaí pionós maidir léi ionas go gcoinneofar slán muinín agus creidiúnacht an phobail i gceart na gceart agus na n-oibleagáidí mar atá sé.

Fo-Aidhm 2.1: Socruithe Nochta agus Tuairiscithe le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Fhorbairt

Ba iad gearáin an phobail agus tuairiscí ó iniúcháirí agus ó leachtaitheoirí an fhoinsé eolais ba thábhachtaí i gcónaí ó thaobh mainneachtanaí poitéinsíúla i leith Achtanna na gCuideachtaí. Déileálann an chuid seo den Tuarascáil le gach cás mí-iompair atá braite nó líomhanta, seachas cásanna mí-iompair atá luaite i dtuarascálacha rialta leachtaitheora ar chuid den chaibidil maidir le hAidhm 4 atá níos faide ar aghaidh iad.

Líon/Foinsí na gCásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí

Mar is léir ón miontuairisc ar neamhghéilliúntas braite de réir foinsé atá léirithe in **Aguisín 2.1.1** a ghabhann leis an Tuarascáil, bhí titim bheag de thart ar 4% ar líon na dtuarascálacha i 2007 i gcomparáid le 2006. Ba í ba chúis leis an laghdú seo an titim de 30% ó 268 go 186 i líon na dtuarascálacha iniúchára a fuarthas.

Ar an dtaobh eile bhí ardú de 16% ó 406 go 470 cás ar líon na ngearáin poiblí agus ar bhraith eile. Ba thoradh ar iarrachtaí an OSFC féin i 2007 monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas i leith na gceanglas nua dlí atá ar chuideachtaí teoranta sonraí áirithe a nochtadh ar shuíomh idirlín dá gcuid cuid mhaith den mhéadú sin. Breathnaigh i ndiaidh shonraí na gceanglas seo sa Chaibidil maidir le hAidhm 1 a chuaigh roimh seo.

Comhoibriú idir Údaráis Rialaitheacha

Cosúil le rialaitheoirí eile tá ceangal dlí ar OSFC faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhaigheann sí i gcúrsa a cuid oibre a choinneáil faoi rún. Go ginearálta áfach tá sé ceadaithe sa dlí do rialaitheoir amháin faisnéis a bhaineann le réimse rialaitheora eile a roinnt leis. Le blianta beaga anuas d'fhorbair an OSFC i gcomhar le roinnt rialaitheoirí eile Meamraim Thuisceana (MTanna) chun chuidiú leo na caighdeáin chomhoibrithe fhrithpháirteacha ba chóir bheith i bhfeidhm i ndáil le comhroinnt faisnéise a shainiú.

De bhun na comhoibrithe atá ceadaithe de réir dlí, bhí cruinnithe foirmeálta ag an Stiúrthóir agus an fhoireann i rith na bliana leis na Coimisinéirí Ioncaim, an Rialaitheoir Airgeadais, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, Biúro an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC) agus na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta. Siocair na suime fhrithpháirtí a bhí acu i gcuideachtaí bainistiú maoin sealbhais, casadh OSFC le Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Údarás Rialála Sheirbhísí Maoine na hÉireann i 2007 freisin.

Rinneadh teagmháil ar bhonn forleathan leis na Coimisinéirí Ioncaim go háirithe i dtaca le obair sin na hOifige atá dírithe ar réimse na gcuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe ar minic na Coimisinéirí Ioncaim ina chreidiúnáí suntasach. Tharla teagmháil tráthrialta freisin idir baill an Ghárda den OSFC agus a gcomhghleacaithe i BGIC agus i réimsí eile den fhórsa maidir le sainceisteanna faoi chásanna sonracha.

Mar chuid den chomhoibriú leanúnach eatarthu, shocraigh OSFC agus na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta i 2007 grúpa caidrimh teicniúil a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar shainceisteanna léiriúcháin i dtaca le hoibleagáidí áirithe cuntasaíochta agus iniúcháireachta in Achtanna na gCuideachtaí. Táthar ag dréim leis go gcasfar an grúpa caidrimh teicniúil seo ar a chéile ar bhonn ráithiúil agus go gcoinneoidh Stiúrthóir agus príomhfheidhmeannach na gcomhlachtaí cuntasaíochta a gcafaidh ar a chéile ar bhonn leanúnach gach sé mhí nó mar sin an obair faoi bhreithniú.

Chuidigh foireann na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC) go substainteach freisin le hobair na hOifige, go háirithe maidir le fáil agus deimhniú doiciméadaithe thionscantaigh chlárúithe a bhféadfadh an OSFC úsáid a bhaint as in imeachtaí cúirte.

Chuir OSFC Dréachtmheamram Tuisceana i dtoll a chéile faoi chomhroinnt faisnéise leis an Údarás Slándála Príobháideach agus bhíothas go maith amach leis an obair chun a théarmaí sin a thabhairt chun críche ag deireadh na bliana.

Chuathas i dteagmháil roinnt bheag uaire maidir le ceisteanna faoi chásanna aonair freisin i rith na bliana le Ranna Rialtais éagsúla agus le gníomhaireachtaí rialaitheacha agus eile.

Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint

Rinneadh OSFC meastóireacht ar bhonn leanúnach i 2007 faoi chásanna a tuairiscíodh di nó a bhraith sí ina raibh amhras faoi mhainneachtain d'fhonn sárúithe ábhartha dhlí na gcuideachtaí a aithint. Is saintréith de go leor gearán poiblí gur féidir leis an mí-iompar arna líomhain bheith sách ginearálta ach má théitear go domhain sa scéal is amhlaidh a fhaightear amach nach mbaineann cuid acu le sainchúram na hOifige.

Bhí na príomhearnálacha gnó a leanas ina n-ábhar do 674 ghearán agus tuairiscí a fuarthas i 2007:

Gearáin/Tuairiscí de réir Earnáil Ghnó i 2007	% na nGearán/dTuairiscí
Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó gaolmhara	32.0%
Foirgníocht	11.5%
Mórdhiól, miondiól agus trádáil mhótarfeithicilí	8.5%
Déantúsaíocht	7.0%
Seirbhísí pobail agus pearsanta	6.7%
Idirghabháil airgeadais	5.0%
Iompar agus Cumarsáid	4.5%
Óstáin agus bialanna	2.8%
Earnáil Ghnó eile	1.7%
Earnáil Ghnó Anaithnid	11.0%
Gan bheith ina chuideachta	9.3%
Iomlán	100.0%

Cineál na Saincheisteanna arna sainiú sna Tuarascálacha Sainordaitheacha

Nochtaigh na 204 tuarascáil a fuarthas i 2007, go príomha ó iniúcháirí, sé phríomhchás ina raibh amhras faoi chion faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tá léirithe in **Aguisín 2.2.1** a ghabhann leis an Tuarascáil seo cineál na bpríomhchionta a tuairiscíodh don Oifig i 2007 i gcomórtas leis an mbliain roimhe.

Tá an dá chás a leanas ionadaíoch do nach mór 87% de na tuarascálacha sin.

- Tuairiscíodh 138 gcinn de shárúithe ar na forálacha maidir le hidirbhearta stiúrthóirí i gCuid III d'Acht na gCuideachtaí 1990. Bhí an cás seo a bhfuil amhras faoi i thart ar 68% de thuarascálacha iniúchára. Measadh luach de €33.7 milliún a bheith ar mhéideanna na n-iasachtaí a bhain leo;

- Tuairiscíodh 40 cás ina raibh amhras faoi mhainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil mar a cheanglaítear le hAlt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Ba léir an mhainneachtain sin i thart ar 19% de thuarascálacha iniúchára. Féadfaidh sé go gciallaíonn an mhainneachtain sin mí-iompar tromchúiseach na cuideachta agus/nó a stiúrthóirí.

Ba thart ar leath na 268 sárú a tuairiscíodh i 2006 a bhí sna 138 gcás de shárúithe ar na forálacha maidir le hidirbhearta stiúrthóirí, agus bhí an laghdú seo ar an ngné ba shuntasá de na tuarascálacha sainordaitheacha a fuarthas i 2007. Féadtar an treocht laghdaitheach seo is léir ó 2005 i leith a mhíniú go páirteach tríd an rath a bhí ar iarrachtaí OSFC ó 2003 i leith na teorainneacha dlíthiúil a bhaineann le húsáid phearsanta a bhaint as sócmhainní cuideachtaí a cur in iúl do stiúrthóirí go háirithe. Ach is féidir freisin go bhfuil cuid den laghdú seo inchurtha i leith an bhealaigh dhifriúil a bhfuil roinnt iniúcháirí anois ag léamh na gceanglas tuairiscithe atá orthu sa réimse seo.

Ag an gComhdháil 'Meet the Regulators' i Samhain 2007 a d'eagraigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, chuir an Stiúrthóir in iúl in athuair a dhíomúiche is a bhí sé go raibh a laghad cionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí á sonrú ag iniúcháirí is a bhí le linn iniúchta. Ag eascairt as na tráchtanna sin d'aontaigh OSFC agus ionadaithe na gcomhlachtaí aitheanta cuntasóireachta plé a dhéanamh i 2008 ag leibhéal teicniúil ar an oiread agus ab ionann sin agus tuairisciú neamhdhóthanach cionta faoi dhlí na gcuideachtaí ag iniúcháirí agus más amhlaidh scéal, plé a dhéanamh ar an gcaoi a gcinnteofaí tuairisciú níos fearr amach anseo.

Luaigh an Stiúrthóir ag an gComhdháil na fiosruithe fhánacha nár mhór do chuntasóirí na hOifige a chur chuig chuntasóirí maidir le bailíocht tuarascálacha iniúchta a bhí ag ghabháil mar cheangaltáin le ráitis airgeadais chuideachtaí. Sonraítear i **Léaráid 2.2.1** a leanas cás dá leithéid i 2007 inar shíl an gnóthas ábhartha cuntasóireachta gur ghá dó a thuairim iniúchta a athrú i ndiaidh don OSFC dul i dteagmháil leis. Cuideachta ab ea í inar ullmháiodh na ráitis airgeadais ar an mbonn gur gnó leantach a bhí ann ach nárbh fhéidir leis an iniúcháir an luacháil de níos mó ná €150,000 a chuir stiúrthóirí na cuideachta ar an stoc a fhíorú. Is é dearcadh an OSFC gur soiléir gur sárú ar Alt 202(3)(c) d'Acht na gCuideachtaí 1990 a bhí in easpa na dtaifead dóthanacha stoic nuair a bhí an fhoráil a bhaineann leis sin ábhartha i gcás ráitis airgeadais na cuideachta mar ab amhlaidh sa chás seo.

Léaráid 2.2.1: Tuairimí Iniúchta Bunaidh agus Athbheithnithe arna gclárú le OCC (Taispeántar le líne faoin téacs na difríochtaí idir an dá Thuarascáil)

Tuarascáil Bhunaidh na n-Iniúcháirí	Tuarascáil Athbheithnithe na n-Iniúcháirí
<p>“Bunús Tuairime Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcóireachta atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.</p> <p>...</p> <p>Phleanálar <u>agus rinneamar</u> an t-iniúchadh sa chaoi is go bhfaighimis an t-eolas agus na mínithe uile a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn féin le go mbeimis réasúnta cinnte go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó mírialtacht nó earráid ba chúis leis.</p> <p><u>Ní fhacamar comhaireamh stoic ag deireadh na bliana agus ní raibh aon nósanna imeachta iniúchta eile arbh fhéidir linn a ghlacadh lena dheimhniú go raibh an stoc comhartha agus luacháilte mar ba chúí.</u></p> <p>...</p>	<p>“Bunús Tuairime Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcóireachta atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta, <u>ach amháin go raibh an raon feidhme a bhí againn teoranta mar atá mínithe thíos.</u></p> <p>...</p> <p>Phleanálar an t-iniúchadh sa chaoi is go bhfaighimis an t-eolas agus na mínithe uile a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn féin le go mbeimis réasúnta cinnte go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó mírialtacht nó earráid ba chúis leis.</p> <p><u>Ach bhí an fhianaise a bhí ar fáil dúinn teoranta toisc nach rabhamar in ann comhaireamh an stoic fhisiciúil atá luacháilte ag €157,560 ag na stiúrthóirí a fheiceáil siocair na teorainneacha a chuir an chuideachta ar raon feidhme na hoibre. De thoradh sin ní rabhamar in ann dóthain fianaise chúí iniúchta a fháil maidir le stoc. Is mar gheall ar thábhacht an ní sin nach rabhamar in ann tuairim a fhoirmiú faoi na ráitis airgeadais.</u></p> <p>...</p>
<p>Tuairim cháilithe ag eascairt as raon feidhme teoranta Seachas aon choigeartú arbh fhéidir bheith riachtanach dá mba rud é nach rabhamar in ann dóthain fianaise a fháil maidir le stoc, táimid den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Cuideachta an 31 Nollaig 2005 agus dá torthaí sa bhliain dar chríoch ag an am sin agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005.</p> <p>Maidir leis an teorainn agus leis sin <u>amháin</u> ar ár gcuid oibre i ndáil le stoc:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ ní fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche an iniúchta; agus ■ <u>ní rabhamar in ann a chinneadh an raibh taifid chuntasaíochta chúí coinnithe.</u> <p><u>Seachas a bhfuil luaite thuas, táimid den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Cuideachta an 31 Nollaig 2005 agus ar a cailteanas sa bhliain dar chríoch ag an am sin agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005.</u></p> <p><u>Fuaireamar an t-eolas agus na mínithe eile uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche an iniúchta. Táimid den tuairim go bhfuil leabhair chúí chuntas coinnithe ag an gcuideachta.</u> Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntas.</p> <p>...</p>	<p>Tuairim: séanadh na tuairime atá tugtha sa ráiteas airgeadais De bharr éifeacht féideartha na fianaise teoranta a bhí ar fáil dúinn ní rabhamar in ann tuairim a thabhairt faoi an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir an Chleachtais Ghinearálta Chuntasóireachta a nGlactar leis in Éirinn, ar staid chúrsaí na Cuideachta agus ar na torthaí don bhliain dar chríoch ag an am sin.</p> <p>Maidir leis an teorainn agus leis sin <u>amháin</u> ar ár gcuid oibre i ndáil le stoc, ní fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche an iniúchta agus <u>níor coinníodh taifead cuí cuntasaíochta.</u></p> <p><u>I mí Dheireadh Fómhair 2006 d’eisíomar tuarascáil speisialta inar chuireamar ár dtuairim in iúl gur loic an Chuideachta leabhair chúí chuntas a choinneáil i ndáil le stoc. Ón uair a rinneadh an Clár Comhardaithe tá na céimeanna a theastaigh glactha ag na stiúrthóirí lena chinntiú go mbeidh leabhair chúí chuntais coinnithe ag an gCuideachta.</u></p> <p>Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntas.</p> <p>...</p>

Cineál na Saincheisteanna arna aithint i Tuarascálacha Deonacha agus Eile

Tá saintréith an neamhghéilliúntais a cuireadh in iúl sna 470 gearán poiblí agus i gcásanna eile a braitheadh i 2007 léirithe in **Aguisín 2.2.2** a ghabhann leis an Tuarascáil seo. I gcomórtas le 2006 bhain dhá ghné shuntasacha le cásanna na bliana.

Ar an gcéad dul síos ba é 64 líon na gcásanna a fuarthas i 2007 i dtaca le cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais, ardú de 146% ar an 26 chás a fuarthas sa bhliain roimhe. Bhain na saincheisteanna um dhlí na gcuideachtaí a spreag na gearáin maidir le cuideachtaí bainistíochta úinéirí árasáin (CBUAanna) i 2007 go príomha le neamhthionól cruinnithe ginearálta bliantúla, le mainneachtain maidir lena chur in iúl go tráthúil do chomhaltaí go raibh na cruinnithe sin á dtionól, le mainneachtain maidir leis na cuntais airgeadais is deireanaí de chuid na cuideachta a nochtadh do chomhaltaí agus le díscáioleadh roinnt de na cuideachtaí sin.

Is dócha gurb é foilseachán Pháipéar Comhairliúcháin OSFC faoi Rialachas CBUAanna i mí na Nollag 2006 agus an phoiblíocht a bhain leis as ar eascair an tuiscint go bhféadfadh sé go mbeadh OSFC in ann faoiseamh a thairgeadh maidir leis an mhíshástacht a mhothaigh roinnt mhaith úinéirí árasán a spreag an méadú sin.

D'eascair an dara difríocht vis-à-vis toradh na bliana 2006 as cinneadh ODCE monatóireacht a dhéanamh i lár na bliana 2007 ar ghéilliúntas leis na hoibleagáidí nua i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007 a tháinig in éifeacht ón 1 Aibreán roimh sin. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe ceanglaítear sna Rialacháin seo go nochtfaidh cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta sonraí áirithe i gcumarsáid leictreonach dá gcuid agus ar a suímh idirlín. Rinneadh iniúchadh ar liosta samplach de 100 cuideachta Éireannacha, bunaithe ar a méid agus ar úsáid suímh idirlín agus fuarthas amach gur cuideachtaí a raibh sé de cheangal orthu go mbeadh a suímh idirlín faoi réir na Rialachán a bhí in 80 ceann acu. I dtosach thaispeáin sé nach raibh ach ceann amháin as na 80 cuideachta go hiomlán géilliúil rud a d'fhág gur ghá don Oifig dul i dteagmháil leis na 79 gcuideachta eile. Pléitear i **Léaráid 2.2.2** a ghabhann leis seo na cineálacha neamhghéilliúntais is minice a braitheadh.

Láimhdeachas Cásanna

Anseo a leanas roinnt pointí suntasacha faoi chásanna a tugadh chun críche i 2007 rangaithe de réir cineál cáis:

- maidir le gearáin faoi CBUAanna, d'éirigh le OSFC deacrachtaí a réiteach i 43% de na cásanna seo trí teagmháil a dhéanamh leis an stiúrthóir a bhí i gceist. Táthar ag machnamh ar chaingean dlí a thionscnamh in dhá chás ag deireadh na bliana i ndiaidh loiceadh na stiúrthóirí lena mbaineann dul i mbun gnímh chun na mainneachtanaí a leigheas ar bhonn riaracháin. Bhí measúnú á dhéanamh ar bhonn leanúnach ar 19 gcás eile ag deireadh na bliana;

- trí dhéileáil le neamhghéilliúntas arna brath i dtaca le nochtadh sonraí cuideachta ar shuímh idirlín, bhain 73 cuideachta géilliúntas amach ag deireadh na bliana i ndiaidh do OSFC teagmháil a dhéanamh leo. Bhí cúrsaí fós gan réiteach ag deireadh na bliana idir an Oifig agus sé chinn de cuideachtaí a rinne mainneachtain;

- maidir le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí, cioradh go mion 179 gcás a bhain le méideanna go feadh luach de €63 milliún. Réitíodh thart ar 122 chás go rathúil. Díobh sin bhain seacht gcás le hiasachtaí de mhéideanna os cionn €1 milliún i ngach cás agus íoc stiúrthóirí ar ais dá gcuideachtaí níos mó ná €10 milliún. Ar an iomlán tugadh rabhadh do 368 stiúrthóirí. Bhí 57 gcás fós idir lámha ag deireadh na bliana.

Léaráid 2.2.2: Saincheisteanna a eascraíonn as Monatóireacht OSFC ar Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007

Ba chóir go mbeadh a bhfuil anseo thíos ar a laghad ag gnáthshuíomh géilliúil idirlín agus ag aon chumarsáid scríofa nó leictreonach a thagann ó chuideachta faoi dhliteanas teoranta:

XY Teoranta cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna cláraithe i bPoblacht na hÉireann Uimh. 99990900 le hoifig chláraithe ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Bhí na Rialacháin dírithe ar chosaint tomhaltóra sa mhéid is go gceanglaítear leo go nochtfar céannacht dhíoltóir na n-earraí nó céannacht sholáthraí na seirbhísí. Ba ábhar buartha dá bhrí sin go raibh an mhainneachtain phríomha maidir leis na sonraí ábhartha a nochtadh follasach ar shuíomh idirlín trádála miondíola a bhí ag díol do chustaiméirí.

Oibríonn roinnt cuideachtaí trádála atá cláraithe in Éirinn an iliomad suíomh idirlín (.i. ceann le haghaidh gach áitreabh tráchtála), agus fuarthas amach go minic nach raibh gach ceann de na suímh idirlín ag comhlíonadh na Rialachán. Ba chóir do chuideachtaí na sonraí atá dlite a nochtadh ar gach aon suíomh idirlín a oibríonn sí; ní leor go bhfuil na sonraí dlite ar aon suíomh idirlín cuideachta amháin.

Fadhb nocht eile ab ea loiceadh grúpaí cuideachtaí na forálacha a chomhlíonadh. Tá láithreach ar an idirlín mar chuid de shuíomh idirlín cuideachta thuismitheora nó deirfear ag cuideachtaí áirithe atá cláraithe in Éirinn, ach ní raibh na sonraí dlite nocht ar an suíomh idirlín.

Má tá aon ghrúpchuideachta atá cláraithe i mBallstát an AE ag oibriú trí shuíomh idirlín, ní mór go mbeidh sonraí na cuideachta sin maille le sonraí aon chuideachtaí deirfear eile atá cláraithe i mBallstáit eile an AE atá ag oibriú tríd an suíomh idirlín céanna curtha ar an suíomh idirlín.

Beidh sé soiléir ó **Aguisín 2.2.3** gur réitíodh 500 cás i 2007 i gcomórtas le níos mó ná 900 i 2006. B'eisceachtúil an toradh sin sa mhéid is gur bhain na cásanna atá i gceist den mhórchuid mhór le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí arbh fhéidir déileáil leo ar bhonn sách sciobtha. Cé gur lean an cheist maidir le hidirbhearta stiúrthóirí de bheith ina chuid, cuid a bhí ag dul i laghad ní mó a rá, de riar na gcásanna tríd is tríd, bhí go leor cineálacha eile cáis ar tugadh aghaidh orthu i 2007 níos casta, rud a chur i gcoinne luathréiteach ar na cúrsaí a bhí i gceist.

I **Léaráid 2.2.3** a ghabhann leis seo tugtar sampla den castacht cháis sin mar a raibh ar OSFC athbhreithniú a

dhéanamh ar dhoiciméadú forleathan a bhain le CBUA agus tabhairt faoi shraith theagmhálacha leis an ngearánaí, leis an gcuideachta bhainistíochta, le hiniúchóir na cuideachta agus le hionadaithe an fhorbróra i gceist. Deimhníonn an cás an gá atá le Lámhleabhar Rialachais OSFC atáthar á ullmhú toisc go léiríonn sé an fudar fadar atá anois ann sa réimse i measc idir dhaoine gairmiúla agus dhaoine a bhfuil níos lú cáilíochtaí acu. Cuireann sé in iúl freisin nach i gcónaí a éiríonn leis an Oifig fadhanna gearánaí a réiteach fiú amháin mar is cás anseo, nuair a braitheadh neamhghéillintas suntasach agus nuair a réitíodh é.

Léaráid 2.2.3: Fianaise ar Easordú maidir le Rialachas agus Ráitis Airgeadais CBUA

I 2007 rinneadh úinéir árasáin gearán gur diúltaíodh ionadaíocht di agus do chomhaltaí eile na cuideachta bainistíochta lena mbaineann ag a gcruinniú ginearálta bliantúil (CGB).

De thoradh sin scríobh OSFC chuig rúnaí na cuideachta ag iarraidh soiléiriú ar roinnt rudaí lena n-áirítear faisnéis faoi na freastalaithe ag an CGB deireanach agus faoi úinéireacht dlíthiúil cheantair choitianta na forbraíochta árasáin. Tarraingíodh aird freisin i litir OSFC ar an bhfíric gur chuideachta faoi theorainn ráthaíochta a bhí sa chuideachta agus dá bhrí sin nach raibh sí i dteideal faoi Alt 18 de Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 leagan giorraithe dá gcuntas a chlárú le OCC. Dá bhrí sin bhí an tuairim lena mbaineann ó iniúchóirí na cuideachta á rá go raibh an teidlíocht sin ag an gcuideachta mícheart.

D'fhreagair aturnaetha an chomhlachta bhainistíochta i Meitheamh 2007 agus chuir in iúl nach raibh na limistéir chomónta dílsithe ag an bhforbróir don chuideachta bhainistíochta, nach raibh na cuntais ghiorraithe taiscthe agus nár cuireadh dóthain fógraíochta ar fáil do na scairshealbhoirí suibscríobhaithe maidir le tionól CGB 2006 na cuideachta, rud ba chúis leis go raibh an Cruinniú gan chóram. Dúirt na haturnaetha freisin go ndéanfaí socrúithe chun CGB 2006 na cuideachta a thionól in athuair mar ba cuí.

Tar éis machnamh a dhéanamh ar an bhfreagairt sin chuaigh OSFC i mbun páirtíochta le hiniúchóirí na cuideachta. Thaispeáin sé:

- go raibh siad ina n-íniúchóirí do idir an fhorbróir agus an chuideachta bhainistíochta;
- gur ioncam an fhorbróra agus ní ioncam na cuideachta bainistíochta an t-ioncam a tháinig ó mhuirir sheirbhíse úinéirí na n-árasáin (a mbaintear úsáid astu chun costais na hoibre cothabhála ar an bhfoirgneamh ina iomláine a sheasamh) le linn feithimh ar aistriú na limistéar comónta ón bhforbróir go dtí an chuideachta bhainistíochta;
- gur iontráladh an t-ioncam seo go mícheart mar ioncam na cuideachta bainistíochta i ráitis airgeadais na cuideachta;
- go raibh cuntais ghiorraithe cláraithe acu go mícheart don chuideachta bhainistíochta.

Ghlac na hiniúchóirí céimeanna ina dhiaidh sin chun cuntais athbhreithnithe neamhghiorraithe a chlárú le OCC ar son a gcliant, .i. an fhorbróir, an chuideachta bhainistíochta a bhí i gceist agus na cuideachtaí bainistíochta ábhartha uile eile i gcásanna nach raibh na limistéir chomónta aistriithe go fóill ionas go raibh siad faoi úinéireacht na gcuideachtaí.

Chomhairligh OSFC don ghearánaí ó tharla go raibh limistéir chomónta na forbraíochta árasáin i gcónaí faoi úinéireacht dhlíthiúil an fhorbróra gurb é an fhorbróir agus ní an chuideachta bhainistíochta a bhí freagrach as obair chothabhála a dhéanamh ar an bhforbraíocht agus gur chóir a iarraidh ar eisean míniú a tabhairt maidir le hairgead ó mhuirir sheirbhíse a bailíodh uathí agus óna comhúinéirí árasáin. Cé go mbeadh an chuideachta bhainistíochta sách neamhghníomhach ag feitheamh ar aistriú na limistéar comónta, comhairlíodh di a chonradh ceannaithe árasáin a cheadú lena teidlíocht ar chomhaltacht sa chuideachta agus ar fhreastal a dhéanamh ar CGB athsceidte na cuideachta a fháil amach.

Modh Diúscartha

Tá achoimre déanta in **Aguisín 2.2.4** den Tuarascáil faoi na 507 gcás a tugadh chun críche i 2007; déantar idirdhealú idir tuarascálacha sainordaitheacha, tuarascálacha deonacha agus tuarascálacha eile nach iad. Cuireadh 111 chás ar leataobh le go ndéanfaí meastachán orthu maidir le hoiriúnacht caingean forfheidhmíthe nó dhócmhainneacha a thionscnamh.

De na 507 gcás a tugadh chun críche dúnadh nach mór 50% díobh tar éis leigheas ar an mainneachtain a shocrú agus/nó rabhadh a eisiúint do na daoine ábhartha. Bhain an chuid is mó díobh le cásanna a raibh idirbhearta iomarcacha stiúrthóirí i gceist. I **Léaráid 2.2.4** a leanas déileáiltear le cineál eile cáis ina leigheasadh an mainneachtain bhraite, is í sin an neamhchlárú, i ndiaidh idirghabháil OSFC.

Léaráid 2.2.4: Neamhchlárú Cuideachta Seachtraí a Réiteach

Fuarthas gearáin ar leith i 2006 agus i 2007 maidir le heinteatas trádála a chuir i gcéill gur chuideachta é féin. Tharraing an dá ghearánaí aird ar an fhíric nach raibh an t-eintiteas cláraithe sa Stát.

Tar éis fiosrúchán a dhéanamh thaispeáin sé go raibh dhá áitreabh gnó ag an gcuideachta i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh agus go raibh sé ag oibriú sa Stát le roinnt blianta anuas. Cé go raibh sé ionchorpraithe san RA i 2003 ní riabh an t-eintiteas cláraithe le OCC mar chuideachta Éireannach ná ní raibh sé cláraithe mar bhrairse ná mar chuideachta sheachtrach faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Nochtadh Brainsí) 1993 (I.R. 395 de 1993) nó Cuid XI de Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) faoi seach.

D'iarr OSFC ar an eintiteas an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh. Níor raibh de rath ar an dteagmháil a rinneadh ar dtús an ghníomhaíocht leighis a theastaigh a bhaint amach. Tar éis roinnt míonna, bhí an Oifig réidh le caingean cúirte a thionscnamh nuair a rinneadh socruithe i 2007 chun an t-eintiteas a chlárú mar chuideachta sheachtrach.

I 32% eile de chásanna ní raibh de réir mheasúnacht na hOifige aon chall imeachtaí dlí a thionscnamh mar gheall ar easpa (nó neamhdhóthain) fianaise maidir le haon mhainneachtain shoiléir i leith dhlí na gcuideachtaí. Go tipiciúil léiríonn an gearánaí imní faoi chás ar féidir mí-iompair bheith i gceist nach mbaineann go díreach le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí.

I thart ar 11% de chásanna chinn OSFC gan idirghabháil a dhéanamh toisc leighis dlíthiúla a bheith ar fáil don ghearánaí chun aghaidh a thabhairt ar an imní a bhí aige/aici. Go ginearálta beidh fiacha amuigh ag an ngearánaí, agus más amhlaidh atá diúltóidh OSFC a ladar a chur i scéal ar conspóid tráchtála agus nach aon rud eile atá ann.

Ar na cásanna a raibh fágtha bhain roinnt acu le gearáin ar fuarthas amach i ndiaidh a bhfiosraithe gur follasach gur ábhar iniúchta ag údarás eile iad.

Fo-Aidhm 2.3: Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta a Thacú/Choimisiúnú

I gcúinsí ina bhfuil amhras faoi chalaouis, neamhdhleathacht nó iompar dochrach ceadáionn Achtanna na gCuideachtaí do OSFC a éileamh go dtabharfar ar aird lena n-iniúchadh leabhair agus doiciméid shonraithe na cuideachta. Go dáta ní minic a bhain an Oifig úsáid as na cumhachtaí sin.

Fiosrúcháin Leanúnacha

Roimhe seo dhéileáil Tuarascálacha Bliantúla OSFC 2005 agus 2006 leis an bhfiosrúchán faoi Cologne Reinsurance (Dublin) Limited. I rith na bliana 2007 rinne OSFC monatóireacht ar fhorbairtí maidir leis na himeachtaí dlí i gcoinne roinnt páirtithe san USA a bhaineann leo. Déanfaidh an Stiúrthóir a mhachnamh in am agus i dtráth faoi cén gníomhú, más tada, a bheadh call leis sa Stát mar thoradh ar na forbairtí leanúnacha sin.

I dtosach 2007 bhí dhá fhiosrúchán breise idir lámha inar bhain OSFC úsáid as na cumhachtaí dlí atá aici faoi Alt 19 de Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú). Fuarthas doiciméadú breise maidir leis na cuideachtaí sin i rith na bliana agus bhí an dá fhiosrúchán fós oscailte ag deireadh na bliana.

Fiosrúchán Nua Cuideachta

Thionscain an Stiúrthóir fiosrúchán nua ar leabhair agus ar dhoiciméid cuideachta i 2007 agus fuair ábhar ábhartha le haghaidh meastacháin. Bhí an iniúchadh seo ar siúl fós ag deireadh na bliana freisin.

Iniúchtaí Cuideachta Roinne

I 2007 choinnigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Stiúrthóir ar an eolas maidir le forbairtí i dtaca leis na hiniúchtaí a bhí fós á ndéanamh aici ar leabhair agus ar dhoiciméid College Trustees Limited, Guinness and Mahon (Ireland) Limited agus Hamilton Ross Company Limited.

Conclúid

Chuaigh an Oifig i ngleic ar bhonn leanúnach chomh héifeachtúla agus ab fhéidir le cásanna ar dealraitheach go raibh mí-iompar i gceist ar tugadh ar aird di iad. Is léir gur réitíodh nó gur tugadh aghaidh ar bhealach eile ar líon mór de chásanna aonair a bhain le neamhghéilliuntas i leith dhlí na gcuideachtaí de thoradh obair OSFC agus go ndeachaigh sin chun leas an phobail.

Táthar ag súil leis go mbeidh an titim i líon na dtuarascálacha iniúcháir a tugadh faoi deara i 2007 ag leanúint ar aghaidh chomh fada le 2008 siocair critéar níos scaoilte maidir le díolúine ó iniúchadh a tugadh isteach agus a cuireadh ar fáil go deireanach i 2006 i ndiaidh tús bheith curtha le feidhmíú Alt 9 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006.

Tá súil ag OSFC áfach go mbeidh leibhéal na ngearán poiblí ag fanacht mar atá sé faoi láthair agus tá sé de rún ag an Oifig leanúint ar aghaidh i 2008 ag sonrú cásanna mainneachtana le teann iarrachtaí dá cuid féin agus i gcomhoibriú le húdaráis rialaitheacha eile.

Aidhm 3: Sárúithe Braite d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

Réamhrá

Léirigh an Oifig i 2007 go raibh sí ag tiontú níos mó dá gníomhaíocht forfheidhmíthe i dtreo cineálacha níos deacra ceiste agus cáis.

Bhí cuid mhór d'acmhainní ionchúisimh na hOifige fós á chur chun feidhme i 2007 sna himeachtaí dícháilithe a d'eascair as Tuarascálacha na gCigirí ar Ansbacher (Cayman) Ltd. agus ar National Irish Bank Ltd./National Irish Bank Financial Services Ltd. (NIB/NIBFS) a bhí ar siúl cheana féin. Ach cuireadh cásanna nuathionscanta eile ar aghaidh go rathúil (m.sh., an idirghabháil sa cás Fyffes plc i gcoinne DCC plc agus Daoine Eile a raibh déileáil chos istigh i gceist agus teacht chun cinn de chásanna iompair chalaosigh ag stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneachtaí neamhleachtaithe). De bhreis orthu sin d'fhiosraigh an Oifig roinnt saincheisteanna agus cásanna suntasacha eile a ndéanfar cinntí maidir le caingne dlí a thionscnamh nó gan a thionscnamh ina leith in am agus i dtráth.

Ag an am céanna d'ionchúisigh an Oifig ar bhonn leanúnach cionta aonair a bhain le hoibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a meastar a bheith tábhachtach agus arb fhéidir go ndéanfadh siad dochar don chomhshaoil gnó agus do chaighdeán na gcinntí a dhéantar ar leibhéal cuideachta dá bhfágfaí gan srianadh iad.

Imeachtaí Dlí

Tríd is tríd bhí an Oifig gafa i 2007 le 64 imeacht dlí faoi leith a raibh 35 díobh ar siúl sa Chúirt Uachtarach nó san Ard-Chúirt agus 29 gcinn acu ar siúl sa Chúirt Chuarda nó sa Chúirt Dúiche. Tá fordhearcadh ar stádas agus ar thoradh na n-imeachtaí sin in **Aguisín 3.1** agus is soiléir ó sin go raibh rath substainteach ar obair na hOifige sna cásanna a roghnaigh sí dul ar aghaidh leo.

In **Aguisín 3.2** tá briseadh síos níos mine déanta ar chineál imeachtaí OSFC i 2007 maille le hachomre ar thoradh na gcineálacha sin cáis.

Tá mionsonraí faoi na páirtithe ar mheas an Ard-Chúirt agus an Chúirt Dúiche go raibh a gcuid dualgas agus oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí sáraithe acu, maille leis na cionta agus na pionóis ábhartha le fáil in **Aguisín 3.3**. Is é cleachtas OSFC na sonraí seo a chur ar fáil ar a shuíomh idirlín ag www.odce.ie i ndiaidh chonchlúid gach cáis.

Déantar achoimriú sa tábla thíos ar chineál na gcinntí Cúirte a rinneadh sna himeachtaí rathúla agus cuirtear ar fáil ann a gcomhionann de shonraí do 2006.

Líon/Cineál Torthaí Forfheidhmíthe Rathúla	2006	2007
Cúisimh inar baineadh amach ciontuithe	48	28
Cúisimh curtha san áireamh ar ciontú	13	16
Cúisimh a mheastar a bheith cruthaithe (Acht um Promhadh Ciontóirí 1907)	36	5
Dícháilithe	14	14
Orduithe a rinneadh in imeachtaí géilliúntais	2	2
Sriantaí	2	–
Cinntí eile	6	3
Iomlán	121	68

Cé gur tugadh 39 gcás chun críche i 2007, bhí 25 chás breise fós idir lámha ag deireadh na bliana. Tá thart ar a dhá thrian díobh anois os comhair na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte; is maith an táscaire é sin den mhodh a bhfuil an Oifig ag díriú faoi láthair ar chineál deacair saincheiste agus cáis.

Caingne Forfheidhmíthe Sibhialta

Bhain OSFC 14 dhícháiliú amach ina n-iomláine i 2007 (14 dhícháiliú agus dhá shrianadh i 2006), agus ba thoradh ar chaingean sibhialta chúirte 13 acu sin. De bhreis air sin bhain an Oifig dhá ordú amach a d'eascair as imeachtaí géilliúntais Ard-Chúirte (dhá ordú i 2006). Seo a leanas mionsonraí na n-imeachtaí sin:

- dícháilíodh beirt ar feadh trí bliana agus cúig bliana faoi seach ag eascairt as cinntí Chigirí na hArd-Chúirte maidir le Ansbacher (Cayman) Ltd. Tá imeachtaí na hOifige a d'eascair as an Tuarascáil sin tugtha chun críche anois;
- dícháilíodh duine amháin ar feadh naoi mbliana de thoradh chinntí Chigirí na hArd-Chúirte maidir le NIB/NIBFS, cé gur cuireadh bac ar an ordú dícháilithe ar choinníollacha áirithe i ndiaidh don duine achomharc a chur chuig an gCúirt Uachtarach maidir le cinneadh na hArd-Chúirte;
- baineadh amach deich gcinn de dhícháilithe ar feadh tréimhsí ó dhá bhliain go dhá bhliain déag maidir le stiúrthóirí ar baineadh a gcuideachtaí de Chlár na gCuideachtaí de bharr mainneachtanaí i ndáil le tuairisceán bliantúil a bhí fós gan réiteach agus nár éirigh leo a thaispeáin don Chúirt nach raibh dliteanais fós gan íoc ag na cuideachtaí. D'eascair trí chinn de

na téarmaí dícháilithe de sé, ocht agus dhá bhliain déag as cinneadh OSFC imeachtaí a thionscnamh den chéad uair i gcoinne trí stiúirthóir ar an iliomad cuideachtaí a bhí bainte den Chlár. Ba é dhá bhliain déag an téarma dícháilithe ab fhaide a ghearr an Ard-Chúirt go nuige seo in aon imeacht OSFC;

- tionscnaíodh an dá shraith imeachtaí géilliúntais i gcoinne leachtaitheoirí a rinne mainneachtain arís is arís eile maidir le tuarascáil a chur chuig OSFC mar a cheanglaítear de réir dlí. Ba é toradh an dá imeacht go bhfuarthas na tuarascálacha isteach tar éis an am a bhí leagtha síos; ba i ndiaidh ordú cúirte eisiúint a fuarthas ceann amháin acu. Dámhadh costais don OSFC freisin sa dá chás.

Mar a cuireadh in iúl thuas bhí OSFC gafa ag deireadh na bliana le go leor imeachtaí eile sa Chúirt Uachtarach agus san Ard-Chúirt. Mar shampla rinneadh an Oifig achomharc os comhair na Cúirte Uachtaraí i 2007 maidir le dhá iarratas neamhrathúla ar orduithe dícháilithe. Táthar ag fanacht ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte in dhá chás eile OSFC a tionscnaíodh de bharr Thuarascáil na gCigirí maidir le NIB/NIBFS, agus i gceithre chás cosúil leo atá ag fanacht ar éisteacht. Tá OSFC gafa i gcónaí le himeachtaí dícháilithe a tionscnaíodh i gcoinne beirt stiúirthóirí ar chuideachta forbraíochta agus tógála i ndiaidh éisteacht réamhiarratais a rinneadh na freagróirí maidir le saincheisteanna áirithe fianaise san Ard-Chúirt i 2007. Tá suim ag an Oifig i gcónaí i roinnt cásanna dícháilithe a bhaineann le stiúirthóirí ar chuideachtaí ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí iad i ndiaidh gur chlis orthu tuairisceán bliantúil a chlárú.

Caingne Forfheidhmithe Coiriúla

I 2007 bhain OSFC 28 gciontú amach i gcoinne seacht gcinn de idir dhaoine aonair agus chuideachtaí maidir le sárúithe éagsúla ar Achtanna na gCuideachtaí (48 gciontú i 2006). Ar an iomlán cinneadh 53 chúiseamh i naoi gcás (103 chúiseamh i 2006).

Is maidir leis na cionta a leanas a tionscnaíodh na himeachtaí rathúla:

- gníomhú mar iniúchóir le linn bheith dícháilithe¹². Tá an réimse seo níos oiriúnaí d'ionchúiseamh de bhrí go bhféadfadh páirtithe leasmhara in gan fhios dóibh féin iontaoibh a chur i bhfaisnéis chuntasaíochta chuideachta arbh fhéidir go raibh 'iniúchadh déanta' uirthi ag daoine neamhcháilithe, rud ab fhéidir

bheith chun aimhleasa na páirtithe leasmhara i gceist. I 2007, d'ionchúisigh OSFC trí cinn de na cásanna seo a bhain le 38 gcúiseamh agus fuarthas 23 chiontú dá mbarr agus gearradh fineálacha de nach mór €7,000 ina n-iomláine;

- mainneachtain maidir le leabhair chuí chuntais a choinneáil¹³. Tá sé tábhachtach go gcoinneodh cuideachtaí agus stiúirthóirí taifid dóthanacha cuntasaíochta agus eile ar mhaithe le páirtithe leasmhara cuideachtaí a bhíonn ag brath ar na taifid sin chun léargas cruinn a thabhairt ar sheasamh airgeadais na cuideachta. D'ionchúisigh OSFC ceithre cinn de na cásanna seo i 2007; rinneadh cinneadh maidir le trí cinn acu agus fuarthas ceithre chiontú dá mbarr agus gearradh fineálacha de níos mó ná €2,000;
- gníomhú mar stiúirthóir le linn bheith srianta agus sárú coinníollacha reachtúla maidir le caipitliú cuideachta¹⁴. Ar mhaithe le cosaint pháirtithe leasmhara agus d'fhonn taca a chur faoi mhacántacht an chórais srianta, déanann an Oifig monatóireacht ar ghéilliúntas daoine srianta le ceanglais an dlí. I 2007 d'ionchúisigh an Oifig trí cinn de cásanna sa chatagóir seo arbh iad na torthaí a bhí orthu inter alia, ciontú amháin agus dícháiliú stiúirthóir bainteach amháin arna mheas ar feadh cúig bliana.

Ag deireadh na bliana 2007 bhí 30 cúiseamh breise ag fanacht ar chinneadh Cúirte (sé chúiseamh ag deireadh na bliana 2006). Tá Stiúirthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí ag ionchúiseamh ceann de na cásanna seo tar éis cinneadh breitheamh Cúirt Dúiche dlínse maidir le hionchúiseamh OSFC de chás a bhain le hidirbhearta iomarcacha stiúirthóirí a dhiúltú¹⁵.

Imeachtaí Eile

Chomh maith le himeachtaí sibhialta agus coiriúla OSFC thuasluaite, bhí baint ag an Oifig freisin le naoi gcinn eile d'imeachtaí dlíthiúla i 2007. Mar shampla bhí OSFC ag déanamh monatóireachta la tamall anuas ar chás déileála taobh istigh a bhain le Fyffes plc, DCC plc agus le páirtithe eile. An 27 Iúil 2007 dúirt an Chúirt Uachtarach d'aon ghuth go raibh trádáil i bhfaisnéis phraghas-íogair tarlaithe.¹⁶

Tar éis comhairle dlí a ghlacadh chinn an Stiúirthóir go ndéanfadh sé idirghabháil sna himeachtaí chun tagairt do theidliocht na Cúirte faoi Alt 160(2) de Acht na gCuideachtaí 1990 duine nó daoine a dhícháiliú in imeachtaí ar bith ar

¹² Contrártha le hAlt 187 de Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

¹³ I gcomhréir le ceanglais Alt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990.

¹⁴ Contrártha le hAlt 161 de Acht na gCuideachtaí 1990.

¹⁵ Contrártha le hAlt 40 de Acht na gCuideachtaí 1990.

¹⁶ Fyffes plc – i gcoinne – DCC plc & daoine eile [2007] IESC 36 – féach www.odce.ie.

rún dá cuid féin. Nuair a tháinig an Stúirthóir os comhair na Cúirte Uachtaraí i Nollaig 2007 d'fhógair an Chúirt Uachtarach gur faoin Ard-Chúirt a bhí sé cinneadh a dhéanamh faoi cheist dícháilithe ar bith. Ina theannta sin chuir an Chúirt Uachtarach na príomhimeachtaí faoi bhráid na hArd-Chúirte le go ndéanfaí measúnú ar mhéid na ndamáistí a d'fheilfeadh don chás.

Bhain cás suntasach eile le hiarratas a lainseáil dhá stúirthóirí cuideachta a bhfuil imeachtaí dícháilithe thionscanta ag OSFC ina gcoinne. I **Léargas 3.1** a leanas léirítear i mbeagán focal cineál an dúshlán dlí agus stádas reatha an iarratais.

Léargas 3.1: Imeachtaí Ard-Chúirte de Michael agus Thomas Bailey

I Lúnasa 2006 thionscain OSFC imeachtaí dícháilithe san Ard-Chúirt i gcoinne stúirthóirí Bovale Developments, Michael Bailey agus Thomas Bailey. Sular éisteadh an t-iarratas seo chuir na Freagróirí tús le dúshlán dlíthiúil ar éisteadh leis san Ard-Chúirt thar thréimhse cheithre lá i Meitheamh 2007. Go hachomair, thug na Freagróirí dúshlán inghlacthacht fianaise áirithe a raibh sé de rún ag OSFC dul ina hiontaoibh sna himeachtaí dícháilithe. Ar shaincheisteanna na himeachtaí áirítear na nithe a leanas:

- bailíocht na meán trínar thángthas i seilbh doiciméid áirithe a bhain le Bovale Developments;
- bhí OSFC ar iontaoibh doiciméadaithe ar le hiniúcháir Bovale Developments é;
- bhí OSFC ar iontaoibh faisnéise áirithe a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- an bunús ar ar ghníomhaigh PricewaterhouseCoopers thar cheann OSFC;
- bhí OSFC ar iontaoibh Thuarascálacha an Flood Tribunal.

Chomh maith le diúltú do dhearbhuithé na bhfreagróirí d'áitigh OSFC freisin gur taobh istigh de na himeachtaí a mba chóir aon dúshlán maidir le hinghlacthacht a éisteacht.

Ina dhiaidh sin thug an Chúirt an breithiúnas an 1 Samhain 2007¹⁷; tá cóip ar fáil ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie. Mheas an Chúirt go raibh sí i dteideal aghaidh a thabhairt mar réamshocrú ar inghlacthacht na fianaise a raibh sé beartaithe éisteacht léi sna himeachta. Rialaigh sí i bhfabhar na bhfreagróirí maidir le roinnt ceisteanna a bhí ag tabhairt buntaca dá n-iarratas, ach diúltaigh sí do roinnt eile. Go luath i 2008 d'fhógair na Freagróirí go ndéanfadh siad achomharc maidir le Breithiúnas na hArd-Chúirte agus i ndiaidh sin rinne OSFC frith-achomharc maidir le gnéithe de Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí.

Cásanna Forfheidhmithe

Cuirtear faisnéis staitistiúil ar fáil in **Aguisín 3.4** faoi láimhdeachas cásanna coiriúla i 2007. Chomh maith leo sin a raibh imeachtaí coiriúla dírithe orthu i rith na bliana, dúnadh 45 chás eile i ndiaidh a n-imscrúdaithe. Táthar ag tabhairt tosaíocht anois do chásanna oiriúnacha eile a bhí fós idir lámha ag deireadh na bliana a dhúnadh.

Fuarthas 81 chás nua breise isteach ar a ndéanfar meas maidir lena n-oiriúnacht do chainean forfheidhmithe i 2007, agus tá leagtha amach in **Aguisín 3.5** na catagóirí ginearálta ciona a aithníodh sna cásanna nua sin. Tá an pátrún mórán cosúil le pátrún na mblianta a chuaigh roimhe ina raibh dhá chineál ciona go mór chun tosaigh, is é sin mainneachtain leabhair chúí chuntas a choinneáil agus daoine srianta ag gníomhú mar stúirthóirí cuideachta de shárú ar na critéir ábhartha chaipitlithe agus ar chritéir eile dá bhforáiltear faoin dlí.

Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a Chur Chun Cinn

Léiríodh i dTuarascáil Bhliantúil OSFC do 2006 an chaoi a bhfuil cuid mhaith d'obair na hOifige á díriú i dtreo:

- cúnamh a thabhairt don mhóramh atá ag iarraidh bheith géilliúil agus
- iad siúd a dtagann cathuithe orthu bheith neamhghéilliúil a spreagadh chun mí-iompar a sheachaint.

Rinneadh cur síos sa Tuarascáil ar an gcur chuige céimneach a ghlacann OSFC maidir lena freagrachtaí rialatheacha ina n-athrathaíonn sí ó rogha go chéile:

- ó réiteach a bhaint amach maidir le mainneachtain, go
- caingean forfheidhmithe OSFC de charachtar áirithe a thionscnamh, go
- cion indéotáilte a chur faoi bhráid Stúirthóir na nIonchúiseamh Poiblí le go ndéanfar cinneadh faoi ar chóir an cás a thriail os comhair breithimh agus giúiré.

Tugann na staitisticí anseo agus i dTuarascálacha Bliantúla a chuaigh roimhe le fios nach dtionscnaítear de réir an cur chuige rialaitheach srathach seo caingean dlí foirmeálta ach i mionlach de chásanna. Tá an Stúirthóir ag dréim leis go leanfar chomh fada ar aghaidh agus is féidir a thuar leis an gcur chuige ginearálta seo le cibé mionchoigeartuithe is ga mar fhreagra ar fhorbairtí cáis in imeacht ama.

17 I re Bovale Developments Limited agus Achtanna na gCuideachtaí 1963-2005 – an Stúirthóir um Fhorfheidhmíú Corparáideach i gcoinne Michael Bailey agus Thomas Bailey [2007] IEHC 365 – féach www.odce.ie.

Fo-Aidhm 3.2: Ag Seasamh le Ceanglais um Nochtadh

Tá sé de cheangal ar dhaoine a thairbhíonn d'ionchorprú agus de phribhléid dliteanais theoranta faoi dhlí na gcuideachtaí cloí le dualgais agus le hoibleagáidí iarmhartacha áirithe. Orthu sin tá na ceanglais:

- go mbeidh cuideachtaí a thrádálann sa Stáit cláraithe,
- go gcoinneofar chun dáta sonraí áirithe cuideachta, (áit lonnaithe na hoifige cláraithe, ainmneacha na stiúrthóirí etc.) agus
- go gcinnteofar go mbeidh faisnéis maidir le feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais na cuideachta cruinn agus uasdátaithe go pras.

Is cuspóir an trédhearcacht mhargaidh de na ceanglais seo sa chaoi is go mbeidh comhaltaí, creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile in ann cinneadh feasach a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le dul i ngleic leis an eintiteas trí scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis chláráithe a chuireann an OCC ar fáil.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe d'ionchúisigh an Oifig trí chuideachta go rathúil mar gheall ar mhainneachtain leabhair chúil chuntas a choinneáil i 2007, agus bhí cás amháin eile cosúil leo sin ag fanacht ar chinneadh ag deireadh na bliana.

I 2007 freisin bhain OSFC dhá dhícháilithe amach mar iarmhairt ar chinntí Chigirí na hArd-Chúirte ina dTuarascáil faoi Ansbacher (Cayman) Ltd. Ní raibh an chuideachta seo ná cuideachta Cayman Islands a bhí gaolta leis (Hamilton Ross Company Limited) riamh cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí agus bhí gnó baincéireachta á sheoladh acu sa Stát gan cheadúnas agus faoi rún thar thréimhse chomhcheangailte de thart ar 20 bliain. Dícháilíodh Sam Field-Corbett agus Jack Stakelum ar feadh trí agus cúig bliana faoi seach agus ina dhiaidh sin bhíodar beirt ainmnithe ar liostaí na mainnitheoirí cánach arna bhfoilsíú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ba iad €1.15 milliún agus €0.425 milliún na socruithe cánach a rinneadh an tUasal Field-Corbett agus an tUasal Mr Stakelum faoi seach.

Déileálann **Léargas 3.2.1** a leanas le Breithiúnas na hArd-Chúirte an 31 Iúil 2007¹⁸ maidir le dícháiliú an Uasail Stakelum.

Léargas 3.2.1: Breithiúnas na hArd-Chúirte maidir leis an tUasal Jack Stakelum

Ina Bhreithiúnas an 31 Iúil 2007 thug an Breitheamh Brian McGovern dá aire na cinntí i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte ar Ansbacher (Cayman) Ltd. go raibh fianaise ann de ghné a thaispeánfadh gurbh fhéidir go raibh roinnt cionta coiriúla déanta ag an Uasal Stakelum a leithéid comhcheilg chun calaois a dhéanamh, sárúithe ar an Acht um Chomhdhlúthú Cánach 1997 agus sárúithe ar Achtanna an Bhainc Cheannais 1971 agus 1989 trí ghnó baincéireachta a sheoladh gan an ceadúnas a theastaigh chuige sin. Go háirithe ghlac sé leis gur oibrigh an tUasal Stakelum córas seirbhísí cliaint nach raibh aon mhíniú air ar aon bhonn normalta ach go raibh sé ceaptha chun cistí airgid a cheilt ó na hÚdaráis Ioncaim.

Mar fhocal scoir lena Bhreithiúnas neamhaontaithe, dúirt an Breitheamh McGovern:

"In this case the respondent who is [a] Chartered Accountant engaged in activities which, on any objective view facilitated the evasion of tax. This activity was done in a calculated way and by means of [an] elaborate scheme to conceal monies from the Revenue Authorities. The respondent even went so far as to destroy all records when he retired in 1998. The court cannot ignore these facts... I am quite satisfied that in consequence of the report of the Inspectors appointed by the court there is evidence that the conduct of the respondent makes him unfit to be concerned in the management of a company and accordingly I make a disqualification order in respect of the respondent for a period of five years."

Fo-aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe nach dTugann Aird ar Leasanna Cuideachta nó ar Leasanna Nach Iad

Ar chúiseanna a bhaineann le cosaint an phobail, tá roinnt forálacha in Achtanna na gCuideachtaí a chuireann bac ar dhaoine neamhcháilithe nó dícháilithe gníomhú mar iniúchóirí, stiúrthóirí nó leachtaitheoirí cuideachta nó gníomhú i gcúinsí sainithe áirithe.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe d'ionchúisigh OSFC go rathúil dhá chineál ciona faoin gceannteideal seo maidir le:

- daoine a sháraíonn na coinníollacha reachtúla a bhaineann le srianadh a chuir an Ard-Chúirt orthu níos luaithe contrártha le hAlt 161 de Achtanna na gCuideachtaí 1990, agus

- daoine a ghníomhaíonn mar iniúcháirí nuair nach bhfuil siad cáilithe le haghaidh sin contrártha le Alt 187 de Acht na gCuideachtaí 1990.

Pléitear i **Léargas 3.3.1** a leanas na cúinsí a bhaineann le ciontú ceann de na cásanna sin ag Breitheamh ábhartha na Cúirte Dúiche.

Léargas 3.3.1: Ag Gníomhú mar Iniúcháir gan Bheith Cláraithe – an tUasal Patrick Monahan

Gearán poiblí a spreag OSFC chun iompar Patrick Monahan ar cuireadh ina leith go raibh sé ag gníomhú mar iniúcháir gan bheith cáilithe le haghaidh sin a imscrúdú. Ba léir ó fhiosruithe a rinneadh ina dhiaidh sin go raibh an t-iompar sin i bhfad níos forleithne ná mar bhí curtha in iúl ag an ngearánaí. Tar éis an fiosrúcháin a thabhairt chun críche cinneadh an tUasal Monahan a ionchúiseamh.

An 12 Nollaig 2007, tháinig an cás os comhair Chúirt Dúiche an Uaimh. Bhain na 16 chúiseamh le tuarascálacha iniúchta 11 chuideachtaí a bhí sínithe ag an Uasal Monahan thar thréimhse ceithre bliana.

D'aighnigh OSFC don Chúirt gur cion indíotáilte a bhí in Alt 187 agus gur cion é ina raibh diandliteanas i gceist. Ceanglaítear tuarascáil iniúchta a bheith curtha faoi bhráid an OCC:

- lena fhíorú gur cuideachta beag atá sa chuideachta (de réir sainmhínte in Alt 18(3) de Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986) agus
- chun lamháltas dlíthiúil a fháil á rá nach gá ach leagan giorraithe den clár comhardaithe a bheith ag gabháil le tuairisceán bliantúil na cuideachta.

I gcúinsí an cháis seo bhí tuarascálacha iniúchta sínithe ag an tUasal Monahan i gcontrártha le hAlt 187 a chuir an pobal amú, tráth a raibh siad cláraithe leis an OCC, maidir lena stádas agus maidir le teidlíocht iarmhartach gach ceann de na cuideachtaí ar an lamháltas atá luaite.

Ghlac an Breitheamh le haighneachtaí OSFC agus chiontaigh an tUasal Monahan in gach ceann de na 16 chúiseamh. Gharr sé fineáil de €3,200 ar an Uasal Monahan agus dheonaigh costais de €2,000 don OSFC.

Fo-aidhm 3.4: Caingean dlí a Thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

I 2007 dhírigh OSFC a haird ar stiúrthóirí a mbíonn á n-iompar féin de shíor i gcontrárthacht leis an dlí.

Déileáiltear ar bhonn níos mine sa chaibidil den Tuarascáil a leanas a bhaineann le hAidhm 4 le cleachtas stiúrthóirí a thréigeann cuideachtaí atá i bhfiacha, a loiceann na hoibleagáidí reachtúla tuairisceán bliantúil a chlárú a chomhlíonadh agus dá réir a cheadaíonn do chuideachtaí a bheith bainte de chlár na gCuideachtaí de bhun Alt 12 de Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982. Go sonrach déileáiltear go mion i **Léargas 4.3.1** den chaibidil sin le cúinsí a tharraing ordú dícháilithe ar feadh dhá bhliain déag agus ocht mbliana faoi seach ar bheirt stiúrthóirí ag eascairt as mí-iompar sa réimse sin a tharla arís is arís.

Conclúid

Tá sé soiléir gur tharla roinnt forbairtí tábhachtacha maidir le forfheidhmíú dhlí na gcuideachtaí i 2007. Buaicphointe faoi leith ab ea dícháiliú stiúrthóir ar feadh 12 bhliain mar gheall ar mhí-úsáid leanúnach pháirtithe leasmhara i gcuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe. Sraith thábhachtach eile de chásanna a tugadh chun críche go rathúil i mbliana ab ea iad siúd a d'eascair as Tuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte ar Ansbacher (Cayman) Ltd. Bhí rath ar na trí chaingean dícháilithe a thionscain OSFC de bhun na Tuarascála sin agus a tugadh chun críche i 2006 agus i 2007.

Cuireadh roinnt cásanna tábhachtach eile ar aghaidh i 2007 ach bhí breithiúnais deiridh Cúirte fós gan déanamh ag deireadh na bliana. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann ag tnúth le bogadh ar aghaidh leo seo agus le cásanna forfheidhmithe eile i 2008.

Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

Réamhrá

Tá sé de dhualgas ar Stiúrthóirí cuideachta a chinntiú go ngníomhaíonn siad go freagrach i dtaca le leasanna páirtithe leasmhara eile na cuideachta agus go háirithe i dtaca leo siúd ar baol go gcaillfeadh siad airgead dá gclisfeadh ar an cuideachta amach anseo agus go bhfágfaí dócmhainneach í dá bharr. Is féidir srianadh, dícháiliú agus fiú amháin pionós coiriúil a bheith in ndán do stiúrthóirí a dhéanann faillí maidir lena ndualgais a chomhlíonadh. Tá roinnt forálacha in Achtanna na gCuideachtaí arb fhéidir áis a bhaint astu chun iompar dá leithéid a thabhairt chun suntais agus rud a dhéanamh faoi.

Sa chuid seo den tuarascáil léireofar obair OSFC i 2007 maidir le:

- cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú agus
- cuideachtaí neamhleachtaithe nó cuideachtaí dócmhainneacha díscailte.

Treochtaí Leachtaithe

Sa tábla a leanas léirítear líon na leachtuithe a cuireadh in iúl don OCC le blianta beaga anuas.

Tarraingíodh aird i dTuarascálacha Bliantúla OSFC roimhe seo don laghdú le blianta beaga anuas ar líon na gcuideachtaí dócmhainneacha a chuaigh faoi leachtú agus is laghdú breise ar fhiúir na bliana 2006 an fhiúir de 342 sa bhliain 2007. Titim foriomlán de 9% ó 2003 go 2007 atá ann. Is féidir treocht na leachtuithe dócmhainneacha a chur i gcodarsnacht leis an ardú ginearálta ar líon na gcuideachtaí sócmhainneacha a chuirtear faoi leachtú. Bhí 28% d'ardú ar leachtuithe sócmhainneacha idir 2004 agus 2007. Ar ndóigh fáiltítear roimh na treochtaí seo in idir leachtuithe sócmhainneacha agus leachtuithe dócmhainneacha.

Ag deireadh na bliana 2007 áfach bhí coinníollacha eacnamúla níos neamhchinnte i bhfeidhm ná mar bhí le tamall anuas. Is féidir bheith ag súil leis go mbeidh líon méadaitheach de chuideachtaí ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán shuntasacha i 2008 agus ní féidir nach gclisfidh ar chuid acu. Ba léir do OSFC go raibh méadú ar líon na leachtuithe dócmhainneacha sa ráithe deireanach de 2007 i gcóimheas leis an meán sa dhá mhí dhéag a chuaigh roimhe. Bhí méadú ar mheán na leachtuithe dócmhainneacha go 30 in aghaidh na míosa ó thart ar 22 in aghaidh na míosa sa tréimhse a chuaigh roimhe sin. Cé go dtagann an fhiúir de 30 in aghaidh na míosa den mhórchuid mhór leis an meán míosúil a bhí i réim ó 2004 go lár 2006, ní mór dúinn fanacht go bhfeicimid an tréimhse le dócmhainneachta méadaithe atá romhainn amach nó an ea nach bhfuil ann ach go bhfuilimid ag filleadh ar mheáin tréimhsiúla níos faide. Tugann réamhtháscairí le fios go mbeidh méadú ar dhócmhainneachtaí i 2008.

De réir mar bheidh deacrachtaí airgeadais i ndán do chuideachtaí beidh sé thar bheith tábhachtach go gcinnteoidh stiúrthóirí cuideachta go ngníomhóidh siad go freagrach i dtaca le leasanna páirtithe leasmhara eile na cuideachta agus go háirithe i dtaca leo siúd ar baol go gcaillfeadh siad airgead dá gclisfeadh ar an cuideachta amach anseo is go bhfágfaí dócmhainneach í dá bharr. Ní móide gur obair amú a bheidh ann dá nglacadh stiúrthóirí le comhairle chuí lena n-áirítear comhairle ghairmiúil maidir leis na roghanna atá ann sa chaoi is go mbeidh siad in ann gníomhú go freagrach agus ar bhonn tráthúil chun an chuideachta a shábháil nó, murar féidir sin, bearta a ghlacadh chun an chuideachta a fhoirceannadh ar mhodh ordúil agus cuí. Féadfaidh sé go mbeidh stiúrthóirí a chliseann orthu gníomhú go freagrach ag tabhairt aghaidh ar phionóis Chúirte amach anseo.

Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Leachtú de réir Earnáil Eacnamúil

In **Aguisín 4.1** déantar briseadh síos de réir earnáil eacnamúil ar na cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú trí thagairt a dhéanamh do na céad tuarascálacha a fuarthas ó leachtaitheoirí i 2007. Bhí na hearnálacha tógála, mórdhíola agus miondhíola, agus déantúsaíochta go mór chun tosaigh i gcónaí ar liosta na gcuideachta faoi leachtú dócmhainneach.

Leachtuithe	2003	2004	2005	2006	2007
Leachtuithe Creidiúnaithe	346	321	300	323	306
Leachtuithe Cúirte	31	40	49	31	36
Iomlán na gCuideachtaí Dócmhainneacha	377	361	349	354	342
Leachtuithe Comhaltaí	941	827	868	930	1,058
Na Leachtuithe uile	1,318	1,118	1,217	1,284	1,400

I gcomhthéacs títim iomláine de 9.5% ar líon na dtuarascálacha tosaigh leachtaitheora a cuireadh chuig OSFC i 2007 i gcomórtas le 2006, bhí ardú de 11% ó 70 go 78 ar líon na gcuideachtaí tógála a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach agus títim de 17.5% ar líon na ndócmhainneachtaí mórdhíola agus miondhíola ó 80 go 66. Bhí ardú de 3% áfach in earnáil na déantúsaíochta ó 38 i 2006 go 43 i 2007.

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe/Díscaoilte

Níl aon fhigiúirí údarásacha d'iomlán na gcuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte agus neamhleachtaithe.

Cineál na Cuideachta Díscaoilte	2003	2004	2005	2006	2007
'Bainte de ag OCC' ¹⁹	14,836	1,401	9,514	5,255	4,085
'Bainte de ag na Coimisinéirí Ioncaim' ²⁰	–	1,599	794	444	149
'Bainte de go Deonach' ¹⁹	5,483	3,595	3,316	3,757	3,975
Iomlán	20,319	6,595	13,624	9,456	8,209

Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad ag Feidhmiú a nDualgas Cuí

Tuairisciú Leachtaitheora faoi Alt 56

Tá ceangal dlí ar leachtaitheoir cuideachta atá faoi leachtú dócmhainneach tuarascáil maidir le forléasadh na cuideachta agus maidir le haon duine a bhí ina stiúrthóir uirthi sa dá mhí dhéag sula ndeachaigh sí faoi leachtú a chur chuig OSFC²¹. Ina theannta sin caithfidh an leachtaitheoir ordú srianta i leith gach ceann de na stiúrthóirí a iarraidh ar an Ard-Chúirt mura bhfuil scaoileadh ón oibleagáid sin faighte aige/aici ó OSFC. Measann an Oifig go bhfuil an scaoileadh oiriúnach nuair a chuireann an leachtaitheoir cosaint loighciúil faoina bráid a thacaíonn le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta a stiúradh aige/aici.

Tá próiseas tuairiscithe leachtaitheora agus an scóip atá aige léirithe go mion in dhá fhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh

Mar shampla, féadfaidh roinnt céadta cuideachtaí dócmhainneach a bheith ar Chlár na gCuideachtaí ag aon am amháin, cuideachtaí atá éirithe as a bheith ag trádáil agus nach bhfuil curtha faoi leachtú. Bainfear go leor díobh sin den Chlár áfach in am agus i dtráth.

Tá figiúirí an OCC maidir le líon na gcuideachtaí díscaoilte le fáil, ach folaíonn siad idir chuideachtaí sócmhainneacha agus chuideachtaí dócmhainneacha. Na fainicí sin curtha san áireamh, coimrítear sa tábla a leanas líon na gcuideachta ar baineadh den Chlár iad sna blianta 2003 go 2007.

D/2002/3 arna fhorlíonadh ag Fógra Cinnidh D/2003/1. Ullmhaíodh na doiciméid sin tar éis comhairliúchán poiblí agus tá siad ar fáil ag suíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie/en/media_decision_notices.aspx.

Cuireann **Aguisín 4.1.1** faisnéis staitistiúil ar fáil maidir le méid na tuairiscithe leachtaitheora i 2006. Fuarthas 1,007 dtuarascáil (971 in 2006). Díobh sin ba thuarascálacha tosaigh²² a bhí i 286 acu (316 i 2006) ó 85 leachtaitheoir, agus an 721 eile díobh (655 in 2006) ba thuarascálacha breise²³ nó deiridh²⁴ iad faoi leachtuithe cuideachtaí.

Ní raibh aon athrú idir 2006 agus 2007 ar ráta géilliúntais na leachtaitheoirí; thug 96 % díobh a gcéad tuarascálacha ar aird go tráthúil. Rinne an Oifig monatóireacht freisin ar leachtaitheoirí i dtaca le tuarascálacha breise agus deiridh a chur isteach acu. Maidir leis na tuarascálacha uile a bhí dlite i 2007 bhí ar an Oifig dul i mbun cumarsáid fhoirmeálta le 68 leachtaitheoir ar 121 ócáid (167 n-ócáid i 2006) rud a chuir in iúl go raibh mainneachtain déanta acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla.

19 Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

20 Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

21 Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.

22 Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir taobh istigh de sé mhí ó am a cheapacháin agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar an cinneadh maidir le scaoileadh a dheonú nó gan a dheonú. I roinnt cásanna deonáitear scaoileadh 'ag an am seo' d'fhonn imscrúduithe breise an lechtaitheora a éascú.

23 Is gnách go bhfaightear tuarascáil bhreise ón lechtaitheoir sé mhí ina dhiaidh sin má deonaíodh scaoileadh 'ag an am seo' agus dhá mhí dhéag ina dhiaidh más amhlaidh nach bhfuil an cinneadh faoi scaoileadh a dheonú nó gan a dheonú fós déanta. Is ar an dóigh sin a dhéanann an OSFC monatóireacht ar dhul chun cinn lechtaithe dhócmhainneach. Os rud é gur ar bhonn na tuarascála tosaí a dhéanfar an príomhchinneadh maidir le cé acu an scaoilfear nó ná scaoilfear an lechtaitheoir óna dhualgas imeachtaí srianta a thionscnamh is cinntí um 'scaoileadh' a bheidh i bhformhór na gcinntí a nglacfar maidir le tuarascálacha breise. An eisceacht maidir leis sin is ea nuair a bhí 'scaoileadh ag an am seo' dáfa níos luaithe d'fhonn a éascú don lechtaitheoir imscrúduithe breise a dhéanamh.

24 Faightear tuarascáil deiridh ó lechtaitheoir ceithre seachtaine roimh chruinnithe deireanacha nó roimh díscaoileadh deireanach más leachtú Cúirte atá sa leachtú. Is cleachtas monatóireachta deiridh é seo don OSFC sula ndíscaoiltear cuideachta dhócmhainneach.

Chuaigh OSFC i mbun cumarsáide le léachtóirí ar 15 ócáid i 2007 (44 i 2006) i ndáil lena loiceadh siúd a chur in iúl don Oifig go raibh iarratais ar shrianadh curtha isteach i gcásanna nár dámhadh scaoileadh. Tugadh rabhaidh fhoirmeálta do 6 leachtaitheoir (13 i 2006) i gcaitheamh na bliana go dtionscnófaí imeachtaí dlí ina gcoinne dá leanfaidís lena loiceadh na hiarratais riachtanacha ar shrianadh a chur isteach. Ní raibh imeachtaí tionscanta in aon cheann de na cásanna sin ag deireadh na bliana.

Arís i 2007 bhí caighdeán na dtuarascálacha a fuarthas sásúil den chuid is mó. Déantar athbhreithniú ar an réimse seo go tráthrialta d'fhonn éifeachtúlacht tuairiscithe leachtaitheora a choinneáil slán.

Forbairtí Dlíthiúla maidir le Costais

I mí Márta 2007 fógraíodh don Stiúrthóir go raibh Ordú Cúirte á nascadh mar Pháirtí Fógra d'imeachtaí Ard-Chúirte a bhain le Business & Finance Media Limited (faoi leachtú). Ina thuarascáil chuig OSFC faoi alt 56 rinneadh an leachtaitheoir iarratas ar scaoileadh i ndáil le trí cinn de seachtar stiúrthóirí na cuideachta. Tar éis machnamh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil di chinn OSFC nár chóir scaoileadh a dheonú i ndáil le haon cheann de na stiúrthóirí. Dá dheasca sin thionscain an leachtaitheoir imeachtaí um shrianadh san Ard-Chúirt i gcoinne gach ceann de na stiúrthóirí mar a bhí dlite air faoi Alt 56.

Rinne an Chúirt cinneadh sna himeachtaí sin nach gcuirfí srianadh ar aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta. Rinneadh an Chúirt Ordú ansin an Stiúrthóir a nascadh mar Pháirtí Fógra leis na himeachtaí maidir le ceist na gcostas agus chuir an cás ar cheal go ginearálta agus cead ag na páirtithe tabhairt faoi in athuair. Tar éis cumarsáid agus plé substainteach a dhéanamh le comhairleoirí dlí an leachtaitheora agus na stiúrthóirí freagróra, d'aontaigh na páirtithe ábhartha nach n-iarrfadh siad a gcostas ar OSFC.

Ní mheasann an Stiúrthóir go bhfuil sé cuí go mbeadh sé nasctha le himeachtaí loicthe um shrianadh sa chaoi is go seasfadh sé na costais a bhaineann leo agus leanfaidh sé leis an fód a sheasamh maidir le forchur ordú costas in aon chásanna dá leithéid.

Saincheisteanna eile Leachtaitheora agus Glacadóra

Fuarthas tuarascáil amháin ó leachtaitheoir i 2007 faoi Alt 299 de Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú). Ní dhearna aon ghlacadóir tuarascáil faoi Alt 299. Léiríonn tuarascálacha den chineál sin, má dhéantar iad, an dearcadh gur féidir go bhfuil duine atá nó a bhí ina (h)oifigeach nó comhalta cuideachta ciontach i gcion i ndáil leis an gcuideachta agus go bhfuil sé/sí faoi dhliteanas coiriúil ina leith. I gcás na tuarascála a fuarthas i 2007 tiocfaidh imeachtaí um shrianadh faoi Acht na gCuideachtaí 1990 arna dtionscnamh ag an leachtaitheoir chun cinn i 2008 agus níor measadh go raibh aon beart breise riachtanach.

Ní fuair OSFC aon tuarascálacha i 2007 ó chomhlachtaí gairmiúla forordaithe maidir le hamhras faoi mhí-iompar leachtaitheora nó glacadóra de bhun alt 58 d'Acht na bliana 2001.

Ní dhearna OSFC aon iarracht teacht ar leabhair nó ar dhoiciméid leachtaitheora²⁵ nó glacadóra²⁶ i 2007.

Fo-aidhm 4.2: Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhócmhainnigh a Mheas

D'eisigh an OSFC cinntí i gcás 1,063 thuarascáil leachtaitheora i 2007 (954 i 2006) agus díobh siúd ba thuarascálacha tosaigh ó leachtaitheoirí 289 acu (319 i 2006) agus ba thuarascálacha breise nó deiridh 774 acu (635 i 2006).

Cinntí OSFC i leith Scaoilte

Maidir leis na 289 dtuarascálacha tosaigh a cinntíodh is mar seo a leanas a bhí na cinntí i leith scaoilte i 2007 (i gcomórtas le 2006):

Cineál an Chinnte	2006	%	2007	%
Scaoileadh iomlán ²⁷	190	60%	189	65%
Gan scaoileadh ²⁸	40	13%	30	10%
Scaoileadh 'ag an am seo' ²⁹	78	24%	63	22%
Scaoileadh páirteach ³⁰	10	3%	7	3%
Cinntí eile	1	0%	0	0%
Iomlán	319	100%	289	100%

25 Faoi alt 57 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

26 Faoi alt 323A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna chur isteach ag alt 53 d'Acht na bliana 2001).

27 Dámhadh 'scaoileadh iomlán' nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

28 Níor dámhadh scaoileadh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

29 Dámhadh scaoileadh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh an OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúinsí ba chúis le forléasadh na cuideachta a imscrúdú mar ba chuí. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le scaoileadh ina dhiaidh sin.

30 Dámhadh 'páirtscaoileadh' nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ag rinnt de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu cé nár bhíor sin do stiúrthóirí uile na cuideachta.

Tá léirithe sna figiúirí a luaitear méadú ábhartha i gcomhréir na gcásanna 'scaoileadh iomlán' (ó 60% go 65%) idir 2006 agus 2007 faoi seach agus titim dá réir i gcomhréir na gcásanna 'gan scaoileadh' (ó 13% go 10%). Tá treocht leanúnach sa mhéadú ar na cinntí 'scaoileadh iomlán' a rinneadh atá soiléir le blianta beaga anuas. Cé gur féidir go léiríonn sin go bhfuil feabhas tagtha ar iompar stiúrthóirí is féidir freisin go léiríonn sé go bhfuil leachtaitheoirí agus OSFC ag sainiú níos soiléire na caighdeáin a éilítear ó stiúrthóirí. Tá corpas an chásdlí níos forbartha agus is cuidiú sin chun tuiscint faoi na caighdeáin atá á gcur i bhfeidhm anois ag na Cúirteanna in imeachtaí srianta a fheabhsú do chách.

Ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006 chuir an Stiúrthóir in iúl cur chuige ginearálta na hOifige maidir le scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha leachtaitheora a bhaineann le hiompar stiúrthóirí. Cé go bhfuil OSFC ag spreagadh leachtaitheoirí moladh cuí a dhéanamh maidir le scaoileadh trí thagairt a dhéanamh dá n-imscrúduithe ar thaobh amháin, is mian léi a cinntiú ag an am céanna nach mbeidh ar aon stiúrthóir luigh faoi éisteacht Ard-Chúirte gan ghá nuair atá sé taispeánta aige nó aici go soiléir gur ghníomhaigh sé/sí go macánta agus go freagrach le linn cúrsaí cuideachta loicthe a stiúradh.

Ar ndóigh nuair a dhéanann OSFC cinneadh maidir le 'gan scaoileadh' nó 'páirt-scaoileadh', ní hionann sin agus cinneadh maidir la macántacht nó freagracht na stiúrthóirí atá i gceist agus ní bheadh sé cuí aon tatal dá leithéid a bhaint as. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis fianaise leachtaitheora agus mínithe stiúrthóirí cuideachta a éisteacht) atá sé cinneadh a dhéanamh faoi ar chóir dearbhú um shrianadh a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta faoi leith.

Tá liostaí iomlána de na cuideachtaí ar deonaíodh 'scaoileadh iomlán' agus scaoileadh 'ag an am seo' ina leith le fáil i bhFógra Eolais Uimh. I/2008/1 ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie.

Ar Lorg Cinntí Cúirte faoi na hIarratais um Shrianadh

I 2007 rinne an Ard-Chúirt cinntí i 78 gcás (80 i 2006) nach ndearna an OSFC cinneadh iontu roimhe sin maidir le scaoileadh nó 'páirt-scaoileadh'. Sna cásanna sin, chuir an Ard-Chúirt ordú srianta nó dícháilithe ar dhuine amháin nó níos mó de na stiúrthóirí i 75 chás (66 i 2006), is é sin i 96% de na cásanna (83% i 2006). Ní dhearnadh aon ordú srianta maidir leis na trí chás a bhí fágtha (14 i 2006). Cuireann na torthaí sin in iúl de réir dealraimh go bhfuil ag éirí leis an OSFC cásanna atá oiriúnach do chaingean san Ard-Chúirt a aithint.

Maidir le stiúrthóirí aonair, cuireadh ordú srianta ar 139 stiúrthóir³¹, dícháilíodh seachtar stiúrthóir³² agus cuireadh idir ordú srianta agus ordú dícháilithe ar stiúrthóir amháin i 2007. Is ionann sin agus 90% de na 163 stiúrthóirí a bhí ina n-ábhar d'imeachtaí um shrianadh nó dhícháiliú.

Chomh maith leis na 140 duine ar a bhí srianta de thoradh imeachtaí de bhun Alt 56, chuir an Ard-Chúirt srianadh ar cheathrar eile in imeachtaí neamhghaolmhara. Mar sin bhí 144 dhuine nua ar an iomlán srianta i 2007. Ní raibh de mhéadú glan i gClár na nDaoine Srianta san OCC áfach ach 106 duine, de bhrí gur baineadh den Chlár i 2007 roinnt daoine srianta a raibh a dtéarmaí srianta cúig bliana istigh acu níos luaithe. Tá líon na ndaoine ar Chlár na nDaoine Srianta ag deireadh gach bliana ó 2003 i leith léirithe sa tábla a leanas.

Líon na Stiúrthóirí a bhí stádas srianta acu ó dheireadh 2003 go deireadh 2007 go huile

Deireadh-2003	Deireadh-2004	Deireadh-2005	Deireadh-2006	Deireadh-2007
295	487	600	685	791

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí cláir chun dáta de na daoine srianta agus dícháilithe agus tá áis chuardaigh phoiblí ar líne le haghaidh na gclár sin ar fáil ag www.cro.ie.

Maidir le himeachtaí srianta ar cuireadh críoch leo os comhair na hArd-Chúirte i 2007 léirítear in **Aguisín 4.2.1** den Tuarascáil seo toradh na gcásanna inar ordaíodh srianadh agus ainmneacha na ndaoine i gceist.

31 Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an aon choinníoll amháin go dtagann an chuideachta sin le ceanglais chaipitlithe íosta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, éilítear íosmhéid scairchaipitil ghloite de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfheagrach. Chomh maith leis sin caithfear an scairchaipiteal gloite a íoc ina iomláine in airgead tirim. Ceadáíonn ordú srianta do dhaoine aonair áis a bhaint as leasanna dliteanaís teoranta ar bhonn leanúnach. Má sháraíonn duine srianta na coinníollacha caipitlithe áfach, d'fhéadfadh sé/sí bheith ciontaithe i gcion indíotáilte, d'fhéadfadh fineáil bheith gearrtha air/uirthi agus é/lí a bheith dícháilithe ar feadh cúig bliana.

32 Más í an Ard-Chúirt a dhícháilíonn duine coisctear an té sin ar bheith ceaptha nó ar ghníomhú mar iniúchóir, stiúrthóir nó mar oifigeach eile, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir agus ar bheith bainteach ar bhealach ar bith bíodh sé go díreach nó go hindíreach le cur chun cinn, le foirmiú nó le bainistíocht aon chuideachta nó aon chumainn atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair. Duine atá dícháilithe agus a sháraíonn ordú Cúirte dlífeair é a chiontú agus a dhícháiliú ar feadh deich mbliana.

Ainmnítear in **Aguisín 4.2.2** na trí chuideachta ar chinn an Ard-Chúirt ina leith i 2007 nár cheart srianadh a chur ar aon cheann dá stiúrthóirí.

Fáiltíonn an Stiúrthóir roimh an dea-thola atá léirithe ag roinnt leachtaitheoirí atá go leanúnach ag tionscnamh imeachtaí dícháilithe maidir le mí-iompar tromchúiseach braite. I 2007 tionscnaíodh imeachtaí i gcoinne ochtar stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha (naonúr i 2006). In **Aguisín 4.2.3** ainmnítear na daoine i gceist agus na tréimhsí dícháilithe. Cuirtear roinnt faisnéise maidir leis na cásanna seo ar fáil i **Léargas 4.2.1** a ghabhann leis seo. Tá súil leis an Stiúrthóir go dtionscnófar cásanna breise cosúil leo i 2008.

Scaoileadh ó Shrianadh

Féadfaidh stiúrthóir atá srianta iarratas ar 'scaoileadh iomlán' nó ar 'pháirt-scaoileadh' a chur chuig an Ard-Chúirt taobh istigh de bhliain amháin ón uair a rinneadh an t-ordú srianta. Féadfaidh an Ard-Chúirt má mheasann sí go bhfuil sé cóir agus cothromasach é sin a dhéanamh scaoileadh dá leithéid a dheonú ar cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasann sí a bheith iomchuí³³.

Déanann OSFC monatóireacht ar iarratais ar scaoileadh arna bpleanáil agus bíonn sí ag iarraidh idirghabháil a dhéanamh i gcásanna iomchuí chun comhchuibheas an chórais reachtúil atá ann a choinneáil slán an oiread agus is féidir. Ní fios don Stiúrthóir aon iarratais ar scaoileadh a bheith déanta faoi Alt 152 i 2007.

Ar Lorg Stiúrthóirí nach bhfuil ag cloí le Coinníollacha um Shrianadh

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe sa Tuarascáil seo dhearbhaigh fiosrúcháin OSFC go bhfuil roinnt daoine srianta ag gníomhú de sháru ar na ceangail reachtúla. Shaothraigh an Oifig roinnt de na cásanna sin i 2007 agus bhí rath ar an saothrú.

Orduithe Dícháilithe Measta

Foráiltear sa dlí³⁴, má chiontaítear duine ar díotáil in aon chion indíotáilte a bhaineann le cuideachta, nó a mbaineann calaois nó mímhacántacht leis, go measfar é/i a bheith faoi réir ordú dícháilithe ar feadh tréimhse chúig bliana ó dháta an chiontaithe nó ar feadh cibé tréimhse eile a ordóidh an chúirt, ar iarratas ón ionchúisitheoir. Tá gar do 2,200 duine (1,780 ag deireadh 2005) liostaithe anois ar Chlár na nDaoine Dícháilithe. Meastar 2,050 acu a bheith dícháilithe; tá 107 acu dícháilithe de bharr ordú na hArd-Chúirte; dícháilíodh 31 ag eascairt as mainneachtain an dícháilíú a fhógairt i ndlínse eile, agus dícháilíodh 12 ar an mbonn gur ghníomhaigh siad mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith dícháilithe.

Léargas 4.2.1: Cuideachtaí Dócmhainneacha: Dícháilithe Leachtaitheoirí i 2007

Dícháilíodh Brendan Maguire agus Gerard Maguire, stiúrthóirí ar BGN Development & Civil Engineering Ltd., ar feadh seacht mbliana agus sé bhliana faoi seach. Chuir an leachtaitheoir in iúl nár chomhoibrigh na stiúrthóirí leis (le rún maidir le hastú agus cimiú á eisiúint i gcoinne duine de na stiúrthóirí), go ndearna siad mainneachtain de bhrí nár chinntigh siad go raibh leabhair agus cuntais chúig á choinneáil ag an gcuideachta agus gur cheadaigh siad do iarstiúrthóir sócmhainneacha cuideachta a aistriú go Tuaisceart na hÉireann.

Cuireadh ordú dícháilithe ar feadh ceithre bliana agus ordú srianta ar feadh cúig bliana ar Edward Nolan, stiúrthóir ar Boherduff Engineering Ltd. Chuir an leachtaitheoir in iúl go raibh fócaíocht suntasach tosaíochta i gceist le linn aisíoc iasacht bhainc a bhí faoi ráthaíocht pearsanta ag an Uasal Nolan, go raibh neamhréireacht ábhartha i luach na sócmhainní a chuir an leachtaitheoir ar fáil i gcóimheas leis sin a bhí ar taifead i leabhair agus i gcuntais na cuideachta agus gur chlis ar an Uasal Nolan comhoibriú go hiomlán leis an leachtú.

Cuireadh téarmaí dícháilithe cúig bliana ar Michael Kenny agus Patricia Kenny stiúrthóirí Cornafulla Motor Works Ltd., cuideachta seanbhunaithe. Chuir an leachtaitheoir in iúl nár coinníodh cuntais iniúchta agus bainistíochta sna ceithre bliana deiridh i mbun trádála di. Bhí dliteanais chomhlána mheasta ag an gcuideachta de níos mó ná €1.6 milliún ag am a leachtaithe lena n-áirítear thart ar €700,000 a bhí dlite do na Coimsinéirí Ioncaim, iasacht bhainc de níos mó ná €500,000 agus suim de níos mó ná €170,000 a bhí dlite do dhuine de chreidiúnaithe neamhurráithe na cuideachta. Dhealraigh sé freisin go raibh Alt 31 de Acht na gCuideachtaí 1990 sáraithe ag na stiúrthóirí toisc go raibh facha de bhreis is €240,000 amuigh ag an gcuideachta orthu.

Dícháilíodh Terence Kinsella stiúrthóir Crime Force Security Services Ltd. ar feadh seacht mbliana. Chuir an leachtaitheoir in iúl go raibh fianaise maidir le 'gníomhaíocht athbheochana' a bheith ar siúl ag an Uasal Kinsella. Dhealraigh sé freisin nach raibh an chuideachta sách caipitilte ó thús agus go raibh sí ar iontaoibh méideanna a bhí dlite do na Coimsinéirí Ioncaim agus do chreidiúnaithe trádála eile chun an gnó a mhaoiniú. Cé go raibh tuairisceán bliantúil reachtúil curtha isteach ag an gcuideachta measadh go raibh facha de thart ar €600,000 amuigh ag na Coimsinéirí Ioncaim uirthi ag am a leachtaithe. Bhí fianaise ann go rabhthas ag díúscairt facha ar bhonn roghnach agus dhealraigh sé gur tarraingíodh níos mó ná €50,000 in airgead tirim as an gcuideachta sa tréimhse trí mhí sula ndeachaigh sí faoi leachtú. Chuir an leachtaitheoir in iúl freisin go raibh loicthe ag an Uasal Kinsella comhoibriú leis go hiomlán agus go raibh sé líomhanta go raibh síniú duine eile brionnaithe aige chun teacht leis an gceanglas reachtúil maidir leis an dara stiúrthóir.

³³ Alt 152 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

³⁴ Alt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Cuireadh téarma dícháilithe de chúig bliana ar John McCabe, stiúrthóir Dromard Construction Ltd. Chuir an leachtaitheoir in iúl go raibh mainneachtain déanta ag an gcuideachta leabhair agus taifid chuí a choinneáil agus tuairisceán cánach ioncaim agus tuairisceáin reachtúla eile a chlárú. Bhí fiacha de €225,000 amuigh ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an gcuideachta ag am a leachtaithe.

Dícháilíodh Peter Farrell, stiúrthóir Novowood Ltd. ar leis maoin sealbhais shuntasach ar feadh seacht mbliana. Chuir an leachtaitheoir in iúl go raibh loicthe ag an Uasal Farrell comhoibriú leis go hiomlán lena n-áirítear loiceadh maidir le taifid agus leabhair iomlána a chur ar fáil dó. Meastar go raibh €260,000 dlite aige do na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireadh ordú srianta cúig bliana ar an Uasal Farrell i mí na Samhna 2004 le linn dó bheith ina stiúrthóir ar Careca Investments Ltd. agus dhealraigh sé go raibh an t-ordú srianta á shárú aige.

Athbhreithniú ar Chóras Srianta Alt 56

Ag deireadh 2007, bhí Alt 56 ag feidhmiú ar feadh beagán os cionn cúig bliana. Tá sé tráthúil mar sin athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil tarlaithe sa tréimhse sin. Maidir leis na torthaí tríd is tríd, seo a leanas cuid de bhuaicphointí na tréimhse cúig bliana atá imithe thart:

- thug OSFC scaoileadh do leachtaitheoirí maidir le triúr as gach ceathrar stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú;
- den duine as gach ceathrar a bhí ina ábhar d'imeachtaí, cuireadh ordú srianta nó dícháilithe ar 80% díobh. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe bhí figiúr na bliana 2007 os cionn 90%;
- ghlac OSFC le moltaí leachtaitheora maidir le scaoileadh i thart ar 94% de chásanna – tá an figiúr láithreach níos gaire do 98%;
- sna 6% de chásanna inar dhiúltaigh OSFC do scaoileadh nuair a bhí sé iarrtha chuir an Ard-Chúirt srianadh ar na stiúrthóirí in dhá ceann as gach trí de na cásanna sin;
- deonaíodh scaoileadh freisin i 2% eile de chásanna nuair nach raibh scaoileadh iarrtha.

Go hachomair mar sin, is léir go bhfuil an cinneadh ceart déanta ag an Oifig níos minice ná a mhalairt maidir le cásanna a d'oirfeadh d'éisteacht san Ard-Chúirt a roghnú.

Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

Réamhrá

I dTuarascálacha Bliantúla a chuaigh roimhe seo tá sé curtha in iúl ag OSFC gur mhian léi thar go leor eile imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais 'athbheochana' a mbíonn de thoradh orthu:

- iomaíocht sa mhargadh gnó is infheidhme a chlaochlú de bhrí go mbaianeann an chuideachta tairbhe de chostais atá níos ísle ná costais an mhargaidh (mar shampla trí neamhíocaíocht chreidiúnaithe agus/nó na gCoimisinéirí Ioncaim). Dá thoradh sin d'fhéadfaí buntáiste míchothrom iomaíochta a bhaint amach i láthair an mhargaidh;
- creidiúnaithe a fhulaingíonn cailteanas airgeadais agus go mb'fhéidir go loicfidh cuid acu dá dheasca, agus
- stiúrthóirí gan dliteanas pearsanta as na cailteanais tráchtála nó a éalaíonn ar bhealach eile ó aon fhreagracht as an loiceadh.

Cuideachtaí atá "Bainte de" Chlár na gCuideachtaí

Dhírigh OSFC a haird ar bhonn leanúnach i 2007 ar chuideachtaí dócmhainneacha ar thréig a stiúrthóirí iad agus ar "baineadh de" Chlár na gCuideachtaí iad mar gheall air go ndearna siad mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Faoi Alt 160 de Acht na gCuideachtaí 1990, féadfaidh an Stiúrthóir iarratas ar dhícháiliú maidir le stiúrthóirí cuideachta dá leithéid atá bainte den Chlár a chur chuig an Ard-Chúirt. Ach foráiltear sa dlí freisin nach féidir leis an Ard-Chúirt ordú dícháilithe a chur ar dhuine a léiríonn don chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta tráth ar baineadh den Chlár í nó go raibh na dliteanais sin diúscartha roimh thionscnamh an iarratais ar dhícháiliú. Le linn di breithniú a dhéanamh ar cén pionós ba chóir a fhorchur, féadfaidh an Chúirt ina ionad sin na stiúrthóirí a shrianadh má bhreithníonn sí nach bhfuil údar leis an dícháiliú.

Ach ní thagann caingne Cúirte i gceist i dtaca le gach cuideachta atá bainte den Chlár a ndéanann an Oifig imscrúdú uirthi. I roinnt cásanna bhí na hiarstiúrthóirí in ann OSFC a shásamh go raibh na dliteanais uile réitithe tráth ar baineadh an chuideachta den chlár nó sular cuireadh tús le haon imeachtaí Cúirte. Chuige sin éilítear de ghnáth go n-ullmhófaí agus go gcuirfí isteach na cuntais chuí, cuntais a théann na blianta siar go minic, ina thaispeántar trádáil na cuideachta sa tréimhse ó cuireadh an tsraith dheireanach chuntas chuig an OCC nó ó rinneadh an t-ionchorprú i gcásanna nár cuireadh cuntais isteach riamh chuig an OCC. Éilítear ar na hiarstiúrthóirí freisin go dtaispeánfaí go bhfuil na fiacha atá amuigh ag na creidiúnaithe uile íoctha nó réitithe agus is minic a iarrtar fíorú neamhspleách maidir leis sin ar na creidiúnaithe aonair.

I roinnt beag cásanna a ndearna an Oifig scrúdú orthu, rinne na hiarstiúrthóirí iarracht a gcúrsaí a thabhairt chun rialtacht tríd an gcuideachta a bhí bainte den Chlár a chur ar ais ar an gClár ar bhonn foirmeálta. Mar chuid den nós imeachta sin ullmhaítear agus cuirtear isteach chuig an OCC na tuairisceáin bhliantúla uile atá fós gan bheith curtha isteach, íoctar na táillí a gearradh de bharr an chláráithe ródheireanaigh agus cuirtear iarratas foirmeálta chuig an Ard-Chúirt go mbí an chuideachta curtha ar ais ar an gClár sa chás go bhfuil an chuideachta bainte de ar feadh níos mó ná bliain amháin.

I rith na bliana 2007, bhain an Oifig ordú dícháilithe amach i gcoinne deich gcinn de stiúrthóirí a bhí bainte den chlár ar feadh tréimhsí ó dhá bhliain go dhá bhliain déag. Sonraítear in **Aguisín 3.3** den Tuarascáil seo na deich ndícháiliú a baineadh amach. Ag deireadh na bliana 2007 cuireadh ceithre chás breise faoi bhráid na cúirte. Bhí go leor cásanna eile fós gan réiteach ag deireadh na bliana agus táthar ag súil leis go dtionscnófar roinnt cásanna eile san Ard-Chúirt i 2008.

D'eascair an dá théarma dícháilithe ab fhaide, dhá bhliain déag agus ocht mbliana, as cinneadh OSFC imeachtaí a thionscnamh den chéad uair i gcoinne na stiúrthóirí comónta ar an iliomad cuideachtaí a bhí bainte den Chlár. I **Léargas 4.3.1** a leanas léirítear na gcúinsí as ar eascair cinneadh na hArd-Chúirte tréimhsí dícháilithe de dhá bhliain déag agus do ocht mbliana a ghearradh ar na stiúrthóirí sin.

I bhfianaise ar féidir a bheith d'iarmhairt ar thréigean cuideachtaí dócmhainneacha mar atá léirithe thuas, ba chóir do stiúrthóirí cuimhneamh air go mbeadh sé den chríonnacht a gcuideachta a chur faoi leachtú go foirmeálta nó socrúithe a dhéanamh maidir lena baint den Chlár go deonach. Ba chóir go mbeadh stiúrthóirí feasach faoi, i gcás cuideachta ar bith atá bainte de Chlár na gCuideachtaí, go bhfuil na sócmhainní atá fágtha inti dílsithe don Aire Airgeadais de réir fhorálacha na n-Achtanna Maoine Stáit. Is é polasaí OSFC aird na Ranna Airgeadais a tharraingt ar chásanna ina dtugtar chun aitheantas go raibh maoin shuntasach ag cuideachta tráth a baineadh den Chlár í.

Conclúid

De thoradh mhaoirsiú OSFC ar chuideachtaí dócmhainneacha i 2007 srianadh nó dícháilíodh 161 stiúrthóir i 2007, ardú suntasach ar an bhfigiúr comhfhreagrach de 125 i 2006. Tabharfaidh OSFC aghaidh ar an réimse seo i 2008 i gcomhoibriú le leachtaitheoirí agus leis na cúirteanna chun iompar mífhreagrach agus neamhdhliteanach sa réimse a chur dá threoir.

Léargas 4.3.1: Dícháiliú Stiúrthóirí ar an Iliomad Cuideachtaí atá Bainte den Chlár

Sa tréimhse ó Mhárta 2005 go hEanáir 2006 fuair OSFC ceithre ghearán maidir le stiúrthóirí ar ionad glaonna i Sord, Co. Átha Cliath. Rinne na gearáin tagairt do na cúrsaí a leanas:

- breithiúnas a bhain creidiúnaí amach i gcoinne International Marketing Solutions (Europe) Ltd. ("IMS") mar gheall ar neamhioc an chostais a bhain le foireann shealadach a sholáthar. Líomhnaíodh freisin go raibh an gnó sin a bhí ann tráth dá raibh anois á sheoladh ón seoladh céanna ar mhaithe le roinnt de na custaiméirí céanna ag cuideachta nua European ICT Resource Facilities Ltd. ("EICT"), a raibh stiúrthóirí comónta á roinnt aici le IMS;
- seiceanna tuarastail 'obtha' do fhostaí EICT;
- cinneadh Coimisinéara um Chearta agus breithiúnas Cúirt Dúiche i bhfabhar fostaí eile EICT maidir le tuarastal neamhioctha;
- cinneadh deiridh Ombudsman na bPinsean gur bhain EICT ranníoc cuntas coigiltis scoir phearsanta ó tríú fostaí de EICT agus go ndearna sé faillí maidir le hé a sheoladh ar ais go dtí an soláthraí pinsin.

I ndiaidh imscrúdú OSFC thaispeáin sé go raibh Martin Allen stiúrthóir ar idir IMS agus EICT ina stiúrthóir ar ocht gcuideachtaí ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí iad mar gheall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú. Bhí sé ina stiúrthóir freisin ar thrí cinn eile de chuideachtaí a bhí i riaráistí ag an am sin maidir lena dtuairisceáin bhliantúla a chlárú. Bhí fiacha suntasacha amuigh ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag creidiúnaithe eile ar roinnt de na cuideachtaí i gceist.

Ba léir freisin go raibh Peter Banks stiúrthóir ar idir IMS agus EICT a d'éirigh as oifig tamall sular baineadh de Chlár na gCuideachtaí iad mar gheall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a fhoilsiú, ina chomhstiúrthóir in éindí leis an Uasal Allen ar cheithre cinn de chuideachtaí eile ar baineadh den Chlár ar an gcúis sin iad. Bhí fiacha suntasacha amuigh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar chreidiúnaithe eile ag cuid de na cuideachtaí seo.

Tar éis an fhianaise i gcoinne an dá dhuine aonair a éisteacht, rinne an Ard-Chúirt Orduithe i 2007 ag dícháiliú an Uasail Allen agus an Uasail Banks ar feadh tréimhsí dhá bhliain déag agus ocht mbliana faoi seach. Dheonaigh an Chúirt a chostais dhlíthiúla don Stiúrthóir freisin. Ní dheachaigh an tUasal Allen ná an tUasal Banks i dteagmháil le OSFC sular cuireadh tús leis na himeachtaí ná ní raibh siad i láthair ag na himeachtaí.

Is é dhá bhliain déag an tréimhse dícháilithe is faide a gearradh riamh in aon chaingeán OSFC go dáta.

Aidhm 5: Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

Réamhrá

Tá sé d'aidhm ag OSFC seirbhís den scoth a sholáthar dá custaiméirí inmheánacha agus seachtracha uile agus tugadh tús áite ar bhonn leanúnach don aidhm seo i 2007. Tá na príomhfhorbairtí i ndáil le hoibriúcháin agus le seirbhísí OSFC i rith na bliana léirithe thíos.

Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú

Foireann

Tháinig feabhas ar acmhainn foirne OSFC i 2007 tar éis ceadú a fháil d'ocht ball foirne riaracháin breise. Ceadáíodh post Garda Bleachtaire amháin breise freisin. Lónadh ceithre cinn de na postanna nua riaracháin faoi cheann na bliana 2007, agus i gcomhréir leis an rún a cuireadh in iúl san aighneacht um fhoireann, cuireadh na baill foirne sin chun fónaimh chun tacú le hobair ghéilliúntais, dócmhainneachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe na hOifige. Bhí an líon foirne iarbhir ag deireadh na bliana faoi bhun an líon ceadaithe nua toisc go rabhthas mall ag cur ball nua in ionad na mball a d'imigh. In **Aguisín 5.1.1** tá briseadh síos maidir le coibhéisí fhoireann lánaimseartha na hOifige is é sin 40 ball ag deireadh na bliana.

D'fhág roinnt daoine an Oifig 1 2007 agus is mian leis an Stiúrthóir Ita Broe, Sheila Farrell, Eamonn McHale, Garrett O'Neill, Kevin Peake, Ellen Reilly, Deirdre Sheehy agus Gerry Walsh a luadh agus an tsárobair a rinne siad san Oifig le linn dóibh bheith anseo a admháil. Bhí cuid mhaith díobh ag obair san Oifig mórán ó thús agus guíonn an Stiúrthóir rath orthu uile amach anseo.

Acmhainní Airgeadais

Is trí Fhomhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta) a maoiníodh costais riaracháin na hOifige i 2007. Tá achoimre déanta sa tábla a leanas ar na suimeanna a dáileadh agus a caitheadh faoi na ceanteidil Phá agus Neamhphá. Tá briseadh síos níos mine ar fhigiúirí na bliana 2007 in **Aguisín 5.1.2**.

Fomhírcheann A09, Vóta 34	2007 Leithroinnt (€000)	2007 Caiteachas (€000)
Pá	2,119	2,140
Neamhphá	2,704	2,238
Iomlán	4,823	4,378

Ardú de 30% i gcomórtas leis an bhfigiúir choibhéise de €3.355 milliún i 2006 a bhí san iomlán de bheagáinín faoi bhun €4.38 milliún. Bhí an chuid is mó den ardú inchurtha i leith ardaithé ar chostais dlí agus ar chostais seirbhísí gairmiúla eile is taca do shainchúram na hOifige ach mar sin féin bhí na costais seo níos lú ná an méid a bhí cionroinnt ar dtús. Tá súil leis go mbeidh ardú breise ar an toradh sa bhliain 2008 i gcomórtas le 2007 de bharr imeachtaí dlí atá ar siúl agus imeachtaí atáthar ag siúl lena dtionscnamh amach anseo. I gcomhréir le Gnásanna Cuntasaíochta an Rialtais, géilleadh an barrachas de €0.445 milliún ag deireadh na bliana 2007.

Dul Chun Cinn Eagraíochtúil

D'earcaigh an OSFC saineolaithe seachtracha i 2007 chun cuidiú léi, go háirithe san obair imscrúdaithe agus forfheidhmithe atá ar siúl aici. Bhain OSFC úsáid as fógraíocht phoiblí chun cuireadh a thabhairt do ghnóthais agus do dhaoine aonair spéis a nochtadh maidir le bheith curtha ar Phainéil Chuntasaíochta agus Dlí na hOifige a mbeifear ag roghnú daoine oiriúnacha astu le haghaidh sannacháin shaineolacha chuí. Beidh na Painéil sin oscailte gach tráth d'arratasóirí ar mian leo seirbhísí dá leithéid a sholáthar don Oifig.

Plean Gnímh um Bainistiú Baoil

Chomhoibrigh an OSFC i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i rith na bliana 2007 mar a rinne cheana chun athbhreithniú agus usdátú breise a dhéanamh ar phleananna na hOifige maidir le bainistíocht bhaoil. Is de bharr moltaí i dTuarascáil Mullarkey³⁵ a rinneadh an plean i dtosach, moltaí a dhéileáil le saincheisteanna freagrachta sna réimsí a bhaineann le rialú airgeadais inmheánaigh, socruithe iniúchta inmheánaigh agus bainistíocht bhaoil.

35 Tá cóip de Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht Rúnaithe Ginearálta agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey) ar fáil ag www.finance.gov.ie.

Fo-aidhm 5.2: Foireann a Chur chun Cinn

Bainistíocht Feidhmíochta

Is í an Oifig a chuireann an Córas Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) i bhfeidhm ar córas é a fheidhmiú ar fud na Ranna agus na hOifigí Rialtais uile. Tá gaol díreach idir PMDS agus Plean Gnó na hOifige agus tá sé d'aidhm aige a chinntiú go bhfuil rólanna na mball foirne ag tacú go díreach le cuspóirí na hOifige. Ina theannta sin nascann sé riachtanas oiliúna go díreach le ról gach ball foirne.

I 2007, soláthraíodh 38.8 lá oiliúna as acmhainní OSFC do 28 mball foirne ar fud na ngrád uile. Chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 32.75 lá oiliúna breise ar fáil do 19 mball foirne OSFC.

Go luath i 2007 thug an Stiúirthóir Clár Ceannaireachta chun críche a ritheadh i dtiannta an Fhorais Riaracháin do fhostaithe sinsearach sa tseirbhís phoiblí. Bhí cuid mhaith d'fhoireann na hOifige sna gráid bhainistíochta gafa le rothlú amach Clár Ceannaireachta Roinne ag deireadh na bliana. Leanfaidh an Clár ar aghaidh i 2008.

Reachtáladh seimineáir san Oifig féin faoi ábhair éagsúla a bhain le hobair na Roinne, na hOifige agus leis an tseirbhís poiblí go ginearálta, agus cuireadh sainchlár ionductaithe OSFC ar fáil d'fhoireann nua a bhí ag tosach oibre leis an Oifig.

Obair Mheithealbhunaithe

Lean foirne ildisciplíneacha de bheith ag oibriú laistigh de OSFC chun méid mór de chásobair na hOifige i réimsí an bhraite, na forfheidhmithe agus na dócmhainneachta a láimhseáil. In **Aguisín 5.2** tá léiriú pictiúrtha ar na pháirteanna a d'imir baill foirne OSFC de réir réimse feidhme.

I rith na bliana 2007, rinne an Stiúirthóir roinnt coigeartuithe ar na cumhachtaí arna dtarlú do bhaill sonraithe foirne faoi alt 13 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001. Rinneadh seisiúr bhall foirne nua a bhí ag obair i meithealacha agus i réimsí éagsúla san Oifig a tharlú ar bhonn foirmeálta chun ceann nó níos mó d'fheidhmeanna dlí an Stiúirthóra a dhiúscairt. De bhreis air sin rinneadh cúig athrú ar thoscaireachtaí a bhí ann cheana.

Tionóladh cruinnithe go ráithiúil i 2007 de Choiste Bainistíochta na hOifige a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann ar fad faoi chathaoirleacht an Stiúirthóra chun saincheisteanna polasáí agus eagraíochta a dhéanann difear d'fhorbairt leanúnach na hOifige a phlé.

Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a Chur chun Cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil

Chuir OSFC acmhainní suntasacha i leataobh d'fhorbairt agus d'úsáid teicneolaíochta chun eolas a chur ar fáil dá custaiméirí, chun ionchur ó chustaiméirí a fháil agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht i gcleachtais oibre. Ar na seirbhísí a thairgeann an Oifig don phobal agus do lucht gairme tá:

- eolas faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoi chúrsaí gaolmhara via suíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc. Ag deireadh na bliana 2007 bhí 793 chustaiméirí cláraithe le go bhfaighidís fógraí faoi faisnéis nua a bhí curtha ar fáil ar an suíomh idirlín;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh ghéilliúntais eile arna gcur ar fáil ag foireann na hOifige. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe sa Tuarascáil seo leathnaigh an Oifig réimse na ngníomhaíochtaí 'for-rochtana' go dtí earnáil na bhfiontar beaga agus meánmhéide go háirithe;
- an áis trínar féidir gearáin a dhéanamh i gcás amhrais faoi mhí-iompar corparáideach;
- seirbhísí reachtaíocht-bhunaithe trína gceanglaítear ar iniúchóirí, leachtaitheoirí agus páirtithe leasmhara tuairisc a chur chuig an Oifig in imthosca áirithe;
- cúnaimh ginearálta a thairgtear do chliant na hOifige chun déileáil le fiosrúcháin teiléafóin, le comhfhreagras, le ríomhphost, etc. Mar shampla tugadh freagra pras ar 602 iarratas a cuireadh chuig an gcuntas info@odce.ie i rith na bliana.

Foilseacháin

Ullmhaíodh agus foilsíodh cúig fhoilseachán fhoirmeálta i 2007 mar atá curtha in iúl in **Aguisín 1.1.1** den Tuarascáil seo. Orthu sin bhí an Tuarascáil Bhliantúil a foilsíodh i nGaeilge agus i mBéarla.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe d'eisigh an Stiúirthóir roinnt preasráiteas freisin, agus scríobh roinnt ball foirne OSFC páipéir agus rinne láithreoireachtaí os comhair na meán náisiúnta agus gairmiúla, agus os comhair grúpaí den lucht gnó agus grúpaí eile. Ghlac an fhoireann páirt in agallaimh sna meáin náisiúnta agus áitiúla ar ócáidí oiriúnacha.

Suíomh Idirlín

Rinneadh athdhearadh cuimsitheach ar shuíomh idirlín OSFC atá ag www.odce.ie i 2006 agus lainseáladh é in athuair i 2007. Rinneadh an athdhearadh sin tar éis suirbhé a dhéanamh ar úsáideoirí agus ba í an phríomhaidhm a bhí aige teacht leis na gcaighdeáin mheiteashonraí, le treoirlínte maidir le háisiúlachta, le polasaí i leith na Gaeilge agus an dátheangachais agus le ceanglais maidir le ríomhphost agus cartlanna maille le dreach aeistéitiúil an tsuímh idirlín a fheabhsú sa chaoi is go réiteodh sé leis an dreach a bhí coiteann do shuímh idirlín³⁶ sibhialta eile agus dóibh sin

ar leis an earnáil phoiblí iad. Dá réir sin rinneadh an suíomh idirlín nua a dhearadh sa dóigh is go mbeadh sé ag teacht leis na caighdeáin is airde maidir le háisiúlacht i leith an phobail agus go gcumasódh sé don Oifig teacht le ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in am agus i dtráth. A bhuíochas na bhfeabhsúchán a rinneadh ar an gcóras nascleanúna ba chóir go mbeadh sé níos éasca teacht ar an eolas rialachais chorparáidigh atá ar fáil. Tá an dara suirbhé ar úsáideoirí pleanáilte do 2008 le súil is go ndearbhófar cé acu atá an aidhm seo bainte amach nó nach bhfuil. Tá gabháil scáileáin i **Léargas 5.3.1** a leanas den leathanach baile nua.

Léargas 5.3.1: Gabháil Scáileáin de Leathanach Baile Shuíomh Idirlín nua OSFC



Rinneadh uasdátú ar bhonn tráthrialta ar an suíomh i rith na bliana ar fhaisnéis maidir le hobair OSFC agus le forbairtí rialachais chorparáidigh a bhaineann léi. Ar an ábhar nua a cuireadh ar taispeáint ar an suíomh idirlín i 2007 bhí foilseacháin nua na hOifige, preasráitis agus ailt a d’eisigh an Stiúrthóir agus an fhoireann, torthaí na gCásanna Cúirte inar ionchúisigh an Stiúrthóir daoine i gcásanna ina raibh amhras faoi shárú dhlí na gcuideachtaí nó faoi shárú dualgas agus cinntí eile Cúirte a bhain le dlí na gcuideachtaí.

Bhí tarraingt ar an suíomh idirlín arís ag cuimse daoine a raibh suim acu i gcúrsaí rialachais chorparáidigh. I 2007 tháinig thart ar 150,000 ar cuairt. Léiríonn anailís ar staitisticí na gcuairteoirí gur “cuairteoirí aonuaire” a bhí i thart ar 80% a tháinig go dtí an suíomh agus nár tháinig ach 20% den iomlán ar cuairt roinnt uaire. Thug an anailís le fios freisin go raibh ré gach cuairte méadaithe de bheagán.

36 Roinn an Taoisigh “Report of the Interdepartmental Group, Recommended Guidelines for Public Sector Organisations” – ISBN 0-7076-6275.

Géilliúntas i leith Caighdeáin Seirbhíse Custaiméara Chomhaontaithe

Tá rún daingean glactha ag OSFC seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar do gach ball pobail a bhíonn ag déileáil léi agus dá foireann féin. Rinne an Oifig athbhreithniú go tráthrialta agus d'fhéach le tuilleadh feabhais a chur ar chaighdeán na seirbhíse a cuireadh ar fáil. Is cuid iad den phróiseas seo na Seirbhísí Aiseolais agus Gearáin ar an suíomh idirlín. D'ainneoin na laicisí atá air siocair an ualaigh troim oibre, síleann an Stiúrthóir go raibh na Caighdeáin Seirbhíse Chustaiméara atá againn comhalta go sásúil i 2007.

Monatóireacht a Dhéanamh ar Éifeachtúlacht na hOifige

Mar a cuireadh in iúl sa chaibidil a chuaigh roimhe i ndáil le hAidhm 1, choimisiúnaigh OSFC taighde margaidh ó

Millward Brown IMS go deireanach sa bhliain 2007 mar chuid de shraith thaighde fánach a bhfuil sé d'aidhm aici cáilíocht an chomhshaoil ghéilliúntais i leith dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh amach agus sondálacha a dhéanamh maidir le hobair chuidithe leanúnach OSFC i mbaint amach na dtorthaí atá luaite. Taispeánann an taighde is deireanaí go raibh dealramh dearfach ar an scéal tríd is tríd ag deireadh 2007.

Thug an taighde aghaidh freisin ar dhearcadh an phobail maidir le héifeachtúlacht OSFC chun a sainchúram a dhéanamh. Tá achoimre déanta i **Léargas 5.3.2** a ghabhann leis seo ar thuairimí 299 stiúrthóirí cuideachta agus léirítear leis go shíleann 75% díobh go bhfuil an Oifig ag déanamh a sainchúram go héifeachtúil. Is feabhas ábhartha é seo ar an toradh de 68% a baineadh amach go deireanach i 2005 an tráth deireanach a rinneadh a chomhionann de thaighde.

Léargas 5.3.2: Éifeachtúlacht OSFC – Tuairimí Stiúrthóirí Cuideachtaí


	An-Éifeachta %	Iomlán Éifeachta %	% Athrú ar 2005	Suas go 10 bhFostaithe %	11-50 bhFostaithe %	51+ bhFostaithe %
Éagóir a díspregadh trína gníomhú	12	64	g/f	58	64	71
Feasacht dlí cuideachta a spreagadh mar saincheist do stiúrthóirí	21	73	g/f	65	70	86
Míniú a iarraidh ar daoine a tugann neamhaird ar Achtanna na gCuideachtaí	10	46	+3	52	38	49
Cinntiú go bhfuil níos mó eolas agus tuiscint dá gcearta agus gcumhachtaí faoi dlí na gcuideachta ag scairsealbhoirí agus creidiúnaí	8	52	+13	46	54	56
Éifeachtachta Foriomlán	11	75	+7	72	69	85

C. Léighfidh mé liosta cuspóir agus gníomhaíocht a bainnean leis an OSFC, agus do chuile dóibh inis dom, i do thuairim, an éifeachtach nó eile an OSFC. Ar dtús...

